Foras na Gaeilge

Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge
don bhliain 2010

Tionóladh Cruinnithe Boird ar na dátaí seo thíos:

Dáta	*Leathanach*
15 Eanáir	*2*
30 Eanáir	*3*
19 Feabhra	*8*
19 Márta	*20*
23 Aibreán	*28*
20/21 Bealtaine	*32*
24 Meitheamh	*39*
09 Iúil	*54*
30 Iúil	*55*
23/24 M. Fómhair	*59*
29 D. Fómhair	*71*
19 Samhain	*79*
17 Nollaig	*85*

Miontuairiscí ón 81ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 15 Eanáir 2010 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), É. Kinch, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, L. Kennedy, D. Ó Murchú, S. Breathnach, P. Ó Gallchóir, L. Bhreatnach, D. Ó Bearra, C. Nic Phaidín, A. Nic Chárthaigh, M. Mac Ruairí

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: P. Ó Biadha agus N. Henry.

Aontaíodh clár an chruinnithe a athrú agus mír a 2 a phlé ar dtús.

02.81 Comhfhreagras ó Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG), thar ceann na Ranna Urraíochta (RGPTG agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta [RCEF]), chuig Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Mhol M.Mac Ruairí go nglacfadh M.Nic Giolla Mhichíl na miontuairiscí den seisiún, chuidigh D.Ó Murchú leis an moladh agus ghlac an Bord leis.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'fhill an feidhmeannas ar an chruinniú agus cuireadh na cinntí thuas in iúl.

01.81 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge – 2010 – 2030

Scaipeadh nóta eolais a bhí ullmhaithe ag an Phríomhfheidhmeannach faoin chur i láthair maidir leis an dréachtstraitéis 20 bliain don Chomhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i dTithe an Oireachtais a bhí beartaithe don 20 Eanáir 2010. Aontaíodh roinnt leasuithe ar an cháipéis. Aontaíodh go ndéanfadh an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach freastal ar an chruinniú.

03.81 Aon Ghnó Eile

Scaipeadh cóip chrua de litir ón RGPTG dar dáta 8 Eanáir, a scaipeadh go leictreonach roimh ré, maidir le cuíchóiriú na n-eagras bunmhaoinithe ar na comhaltaí. Bhí plé ann faoin litir agus aontaíodh litir a chur chuig an RGPTG le cur in iúl go raibh Coiste Forbartha Fhoras na Gaeilge ag ullmhú moltaí ina leith. Aontaíodh labhairt leis an RGPTG maidir le maoiniú na n-eagras bunmhaoinithe go dtí mí an Mheithimh 2010 agus cead a lorg chun an litir a scaipeadh orthu. Ardaíodh ceist faoi mhaoiniú na n-eagras luaite sa reachtaíocht, An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus aontaíodh go ndéanfadh an Príomhfheidh-meannach an cheist seo a fhiosrú.

Miontuairiscí ón 82ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 29 Eanáir 2010 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath 2.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, P. Ó Biadha, C. Nic Pháidín, Á. Andrews, A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl agus É. Kinch.

I láthair ar físchomhdháil as oifig Bhéal Feirste:
E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin, S. Ó Cearnaigh agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: L. Bhreatnach, D. Ó Béarra, L. Kennedy, S. Breathnach agus N. Henry.

01.82 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Shoiléirigh an Príomhfheidhmeannach go raibh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) ag scríobh thar ceann na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) sa litir dar dáta 08 Eanáir mar go n-aontaítear litreacha den chinéal idr an dá roinn.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Pléadh ceapachán an Iniúchóra Inmheánaigh.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.82 DRÉACHT-PHLEAN GNÓ AGUS MEASTACHÁIN 2010
Tháinig S. Ó Cearnaigh, Clárbhainisteoir: Pleanáil Chorparáideach, isteach chun an chruinniú don mhír seo.
Rinneadh plé ar an leagan leasaithe de Dréacht-phlean Gnó Fhoras na Gaeilge 2010 a tháinig ar ais ó na Ranna Urraíochta. Aontaíodh na tagairtí do na meáin, cúrsaí ealaíona, scéimeanna gnó a chur ar ais sa phlean agus an straitéis idirlín don óige agus tionscadail forbartha a lua ann. Aontaíodh an Dréacht-phlean Gnó a leasú agus a chur ar ais chuig na Ranna Urraíochta faoin spriocdháta 08 Feabhra 2010.
Aontaíodh go mbeadh féilire na bliana ar an chlár don chéad chruinniú Boird eile.
Ghlac an Bord le buiséad 2010.
D'fhág S. Ó Cearnaigh an cruinniú ag an phointe seo.

03.82 TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA
Chuir Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála in iúl go mbeadh an chéad chruinniú eile ann Déardaoin 18 Feabhra 2010 ar 7.00i.n.

04.82 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Aontaíodh leasuithe ar dhréachtlitir an Phríomhfheidhmeannaigh chuig an RGPTG maidir le cuíchóiriú na n-eagras.
Aontaíodh leasuithe ar na téarmaí tagartha don chomhairleoir atá le ceapadh chun samhail nua maoinithe a mholadh d'Fhoras na Gaeilge. (Aguisín 1)

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar an mbonn gur faisnéis í a bhfuil íogaireacht tráchtála ag roinnt léi.

Aontaíodh gurb é 16 Aibreán 2010 an sprioc don tuairisc ón chomhairleoir.

10.82 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA

Scaipeadh cóip den chlár riosca a bhí aontaithe ag an Choiste agus léirigh an Príomhfheidhmeanach na hathruithe don Bhord. Ghlac an Bord leis an Chlár Rioscaí. Thug A. Nic Chárthaigh tuairisc ar an chruinniú den Choiste iniúchta a tharla an oíche roimhe thar ceann Chathaoirleach an Choiste Iniúchta. Chuir sí in iúl go raibh Bluett Conran & Co i ndiaidh éirí as mar Iniúchóir Inmheánach ach go raibh siad sásta feidhmiú ar bhonn eatramhach go gceapfaí Iniúchóir Inmheánach nua. Chuir sí in iúl go raibh téarmaí tagartha ullmhaithe ag an Choiste maidir le ceapadh Iniúchóra Inmheánaigh nua agus go rabhthas ag súil go gceapfaí Iniúchóir nua roimh dheireadh mhí an Mhárta 2010. Cuireadh in iúl go mbeadh an plean oibre don iniúchóir inmheánach ag eascairt as an Chlár Rioscaí. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh Ráitis Airgeadais an Fhoras Teanga 2005 á leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus an Tionóil ar 26 Feabhra 2010.

Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Mhol L.Ó Maoilmhichíl go nglacfadh M.Nic Giolla Mhichíl na miontuairiscí den sheisiún, chuidigh C.Nic Pháidín leis an moladh.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'fhill an feidhmeannas ar an chruinniú.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Tháinig M. Ó Ríordáin: Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha isteach sa chruinniú.

05.82 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 NOLLAIG 2009

Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais.

06.82 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

07.82 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

08.82 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

I measc na nithe a chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl bhí:

1. Gur tharla na hagallaimh don phost mar LPF/SSO ar 15 Nollaig 2010 ach nár líonadh an post agus go mbeadh sé le hathfhógairt.
2. Go raibh plé ar siúl leis an RGPTG maidir le hoifig i nGaoth Dobhair.
3. Gur fhreastail sé féin, an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach ar chruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar 20 Eanáir 2010 leis an Dréachtstraitéis 20 bliain a phlé.
4. Go raibh cead faighte síneadh a chur leis an dá chonradh – Bainisteoir Tionscadail agus Eagarthóir – leis an fhoclóir go dtí deireadh an tionscadail.

5. Go raibh cás gnó agus measúnú eatramhach ar thionscadal an fhoclóra le hullmhú do RCEF.
6. Go raibh cruinniú ag an Chathaoirleach agus aige féin le Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach eatramhach Bhord na hUltaise. Leagadh béim ar chomhthionscadail agus ar chomhoibriú. Moladh dhá chruinniú sa bhliain den Fhoras Teanga. Rinneadh plé faoi chruinniú in Aibreán.
7. Go raibh scéal tagtha ar ais ón RGPTG maidir leis an cheist a ardaíodh faoi "taifead ar chinntí" ó chruinnithe Boird a fhoilsiú i mBéarla agus nach bhfeiceann siad aon fhadhb leis.
8. Go raibh cruinniú ar 27 Eanáir 2010 leis na Ranna Urraíochta ag ar pléadh:

    - Buiséad na bliana
    - Clár Riosca
    - Maoiniú na n-eagras bunmhaoinithe 2010
    - Colmcille.

Ritheadh rún comhbhróin le Seosamh Ó Murchú, Eagarthóir Sinsearach an Ghúim ar bhás a mháthar.

09.82 AON GHNÓ EILE

D'iarr an Príomhfheidhmeannach ar na comhaltaí an fhoirm um dearbhú leasa a chomhlánú agus a chur ar ais go luath mura raibh sé déanta cheana. Aontaíodh foirm maidir le ballraíocht ar Choistí Boird a scaipeadh ar ríomhphost agus iarradh ar chomhaltaí a sheoladh ar ais go luath.

Aontaíodh ar fhéilire na gCruinnithe Boird le haghaidh 2010. **(Aguisín 2)**

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
19 Feabhra 2010

Aguisín 1

Cruinniú Boird 29 Eanáir 2010
Mír 4

An Coiste Forbartha

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar an mbonn gur faisnéis í a bhfuil íogaireacht tráchtála ag roinnt léi.

Aguisín 2

Moladh maidir le dátaí le haghaidh cruinnithe Boird i 2010

Dáta	Ionad
Dé hAoine, 29 Eanáir	Baile Átha Cliath
Dé hAoine, 19 Feabhra	Béal Feirste
Dé hAoine, 19 Márta	Baile Átha Cliath
Dé hAoine, 23 Aibreán ag 11.00	Baile Átha Cliath
Dé hAoine, 21 Bealtaine	Béal Feirste
Déardaoin, 24 Meitheamh	Baile Átha Cliath
Dé hAoine, 30 Iúil	Béal Feirste
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair	Baile Átha Cliath
Dé hAoine, 29 Deireadh Fómhair (Oireachtas na Gaeilge)	Cill Áirne
Dé hAoine, 19 Samhain	Baile Átha Cliath
Dé hAoine, 17 Nollaig	Béal Feirste

Miontuairiscí ón 83ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 19 Feabhra 2010 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, P. Ó Biadha, D. Ó Béarra, L. Kennedy, S. Breathnach, C. Nic Pháidín, É. Kinch, A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl agus Á. Andrews.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: L. Bhreatnach agus N. Henry.

01.83 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Bhí plé ar na miontuairiscí den 15 Eanáir.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Bhí plé ar na miontuairiscí den 29 Eanáir. Ardaíodh ceist faoin phrótacal maidir le comhfhreagras chuig na Ranna agus an CATT agus arbh fhéidir prótacal ar leith a leagadh síos maidir leis an cheist seo. Aontaíodh go n-amharcfadh an Coiste Iniúchta ar an cheist agus go bhféadfaí tuairimí a chur ar aghaidh chuig an choiste ina leith. D'iarr Á. Andrews go ndéanfaí é a nótáil sna miontuairiscí nach raibh sí sásta leis an fhoclaíocht 'cúinsí uile-oileánda' in Aguisín 1 agus gur mhaith léi 'cúinsí an dá dhlínse' a chur ina áit. Aontaíodh go leasófaí na miontuairiscí le léiriú gur fhág E. Mac Cormaic an cruinniú i ndiaidh mír 04.82. Aontaíodh go mbainfí amach na focail 'd'aon ghuth' gach áit i mír 10.82 Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.83 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

Nótáil an Bord na hathruithe próifíl a leanas:

Gaelscoileanna Teo:

	Buiséad Ceadaithe 12/11/09	**Buiséad Ceadaithe 23/12/09**
Tuarastal	284,753	284,753
Costais Reatha	103,439	111,900
Imeachtaí / Tionscadail	81,249	72,788
Iomlán	**469,441**	**469,441**

An tÁisaonad:

Buiséad leasaithe	Ceadaithe	Buiséad Ceadaithe 03/12/09
	19/10/09	02/12/09
Tuarastail	£	£
Fo-Iomlán	**191,503**	**169,537**
Costais reatha		
Fo-Iomlán	**12,000**	**18,358**
Imeachtaí / Tionscadail		
Imeachtaí/Tionscadail	144,000	157,632
Scéim Comhairleoireachta	20,134	22,110
Fo-Iomlán	**164,134**	**179,742**
Iomlán	**367,637**	**367,637**

Ghlac an Bord leis an dá mholadh seo a leanas
Flúirse Ltd:

	Deontas Ceadaithe Meán Fómhair 2007	Próifíl Ceadaithe Nollaig 2008	Leasú Iarrtha Nollaig 2009
	€	**€**	**€**
2007	30,000	30,000	30,000
2008	30,000	20,000	20,000
2009	0	10,000	0
2010	0	0	10,000
Iomlán	**60,000**	**60,000**	**60,000**

Coláiste na Tríonóide:

	Deontas Ceadaithe Nollaig 2007	Próifíl Ceadaithe Aibreán 2008	Proifíl Leasaithe Iarrtha Nollaig 2009
	€	**€**	**€**
2008	108,416.00	78,416.00	78,416.00
2009	112,675.00	127,675.00	110,319.25
2010	117,103.00	132,103.00	149,458.75
Iomlán	**338,194.00**	**338,194.00**	**338,194.00**

Ghlac an Bord leis an mholadh diúltú don iarratas www.talkirish.com.

Eagraíocht	Cód uimhir	Méid iarrtha
www.talkirish.com	0901700	£57,270

Ghlac an Bord leis na suimeanna (€200,125.61) a bhí le díscríobh. **(Aguisín 1)**

D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Nótáil an Bord na hathruithe pleananna maidir le Clár na Leabhar Gaeilge. Ghlac an Bord leis na suimeanna (€12213.00) a bhí le díscríobh ag Clár na Leabhar Gaeilge **(Aguisín 2)**
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

D'iarr an Cathaoirleach ar Chathaoirligh na gCoistí Boird tuairisc scríofa ar obair na gcoistí a chur ar fáil don chéad chruinniú Boird eile. D'iarr an Príomhfheidhmeanach go gcuirfí na foirmeacha ar ais maidir le ballraíocht ar na coistí Boird go luath.

03.83 TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA
Chuir Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála in iúl

- go raibh Plean Corparáideach 2011 – 2013 le hullmhú agus an chéad dréacht le bheith ag na Ranna urraíochta i mí na Bealtaine 2010.
- go raibh an múnla tuairiscithe ar an Phlean Gnó a réitigh an feidhmeannas pléite ag an choiste.
- go raibh comhfhreagras faighte maidir le ciste fiontraíochta a bhunú ach go raibh tuilleadh eolais le lorg ina leith.
- go raibh Dréachtpholasaí Cosaint Leanaí réitithe ag an NSPCC don Fhoras Teanga agus go dtiocfadh sé faoi bhráid an Bhoird go luath.
- go raibh cáipéis an fheidhmeannais maidir le rúnaíocht an Bhoird le plé i seisiún gan feidhmeannas ag deireadh an chruinnithe.

04.83 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Scaipeadh cóip d'amlíne nua an Choiste Forbartha le haghaidh moltaí maidir leis an chuíchóiriú **(Aguisín 3)** agus cóip de chomhfhreagras a bhí faighte ó ghrúpa darb ainm Comhchoiste Ghrúpaí Bunmhaoinithe an Tuaiscirt. Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl

- go raibh cruinniú dearfach ag an Phríomhfheidhmeannach leis na heagrais bhunmhaoinithe maidir leis an chuíchóiriú ar 12 Feabhra.
- go raibh moltaí iarrtha ó na heagrais i leith na ceiste seo in athuair.
- go raibh G. Mac Siacais, Forbairt Feirste agus A. Ó Coileáin, Gael-Linn ainmnithe ag na heagrais le plé leis an Choiste Forbartha.
- go raibh comhairle dlí faighte ó dhlíodóir an Fhorais maidir leis an reachtaíocht faoinar bunaíodh Foras na Gaeilge ach go raibh tuilleadh comhairle le fáil ó abhcóide.

Ardaíodh ceist faoi choimhlint leasa i ngeall ar an litir a fuarthas ó Chomhchoiste Ghrúpaí Bunmhaoinithe an Tuaiscirt agus ainm chomhalta Boird ag bun na litreach sin. Shocraigh M. Nic Giolla Mhichíl (Cathaoirleach an choiste) agus Á. Andrews go n-éireodh siad as an choiste agus ghlac an Bord leis an chinneadh s'acu. Aontaíodh gur ar bhonn cuiridh amháin a thiocfadh ionadaithe na n-eagras i láthair ag cruinnithe den Choiste Forbartha.
D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Aontaíodh go gceapfaí A. Nic Chárthaigh agus P. Ó Gallchóir ar an choiste.
D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews, E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

05.83 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí uasdátú ar an staid reatha maidir le hathbhreithniú breithúnach a bhí iarrtha ag Cló Ceart Teo san Ardchúirt.
Chuir sé in iúl go raibh daoine earcaithe ag Torann na dTonn Teo, foilsitheoirí Gaelscéal anois agus go mbeadh an nuachtán ar fáil ag deireadh mhí an Mhárta.

06.83 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA
Chuir C. Nic Phaidín, thar ceann an Choiste Foclóra, in iúl go raibh an obair roinnt ar gcúl agus go raibh an feidhmeannas chun anailís a dhéanamh ar impleachtaí na moille seo. Chuir sí in iúl gurb é ról an fheidhmeannais tionscadal an fhoclóra a bhainistiú agus nach ról an choiste é. Scaip sí an moladh seo a leanas ar an Bhord:

Go n-iarrfaidh an Bord ar an bPríomhfheidhmeannach struchtúr soiléir bainistíochta a thuairisciú maidir leis an bhfoclóir ag an gcéad chruinniú eile Boird i Márta, ag beachtú:

1. na leibhéil éagsúla feidhmiúcháin agus freagrachtaí, feidhmeannaigh an Ghúim, ardbhainistíocht an Fhorais, an fochoiste Boird, an Bord féin;
2. agus maidir le gach ceann acusan: a gcuid rólanna, na leibhéil freagrachta, na línte tuairiscithe agus an cineál tuairiscithe a dhéanann siad;
3. sceideal na gcruinnithe bainistíochta ag leibhéil éagsúla an fheidhmeannais, á dtionól gach mí ar a laghad, agus miontuairiscí ó na cruinnithe sin le nótáil ag an bhfochoiste Boird.

Ghlac an Bord leis an mholadh.

07.83 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 EANÁIR 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010 .
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe.
Ghlac an Bord le buiséad Chlár na Leabhar Gaeilge 2010 **(Aguisín 4)**.

08.83 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

09.83 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Chuir an Príomhfheidhmeannaigh in iúl:

- Go raibh cruinniú leis na heagrais ar 12 Feabhra 2010, go bhfuair Cathaoirleach an Choiste Forbartha cuireadh ach ní raibh sí in inmhe bheith i láthair. Gur fhreastail an Comhalta Á. Andrews thar ceann Altram. Ag an chruinniú cuireadh in iúl:
- Cinneadh na CATT maidir leis na heagrais bhunmhaoinithe,
- Na céimeanna le glacadh ag Foras na Gaeilge le spriocdháta na CATT a bhaint amach.
- Go raibh an chéad athbhreithniú déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar chuntais chomhdhlúite 2006 agus go raibh plé ag leanúint leis an Chlárbhainisteoir: Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht na Faisnéise faoi.
- Go raibh cruinniú aige le Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, le tús a chur leis an phlé faoi ról na gníomhaireachta nua (Údarás na Gaeilge) i bhfianaise ról reachtúil Fhoras na Gaeilge.
- Gur tháinig scéal ó na Ranna Urraíochta ar 12 Feabhra ag cur in iúl:
  - go mbeadh cruinniú CATT ann Márta / Aibreán

- go mbeadh Dréachtphlean Corparáideach 2011-2013 le seoladh chuig na Ranna Urraíochta faoi dheireadh Bhealtaine 2010
- go mbeadh an Dréachtphlean Corparáideach 2011-2013 le cur faoi bhráid CATT ag cruinniú i Meán Fómhair / Deireadh Fómhair 2010.

- Gur reáchtáladh na scrúduithe do na poist mar Eagarthóir agus Eagarthóir Cúnta ar18 & 19 Feabhra 2010.
- Gur bhain an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ceann de dhuaiseanna an Taoisigh le haghaidh fiontraíocht san earnáil phoiblí don tionscadal FÓN. Thug Foras na Gaeilge páirtmhaoiniú don tionscadal agus cuidiú maidir le roghnú na scoileanna. Bhain an tionscadal duais Eorpach do Theangacha chomh maith. .
- Go raibh na hagallaimh le haghaidh post an Chomhordaitheora Tionscadail le Colmcille socraithe don 9 Márta i nGlaschú.

Aontaíodh leanúint le socrú reatha Fhoras na Gaeilge Pleananna Gnó a chur ar fáil i nGaeilge amháin ach luadh go mb'fhéidir go gcuirfí leagan dátheangach ar fáil amach anseo.

10.83 FÉILIRE SPRIOCANNA 2010
Thug an Bord suntas d'Fhéilire Spriocanna 2010.

11.83 COLMCILLE
D'fhág M. Mac Ruairí an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le Cumann Gaelach Leath Chathail agus nótáil an Bord na cinntí ó chruinniú Chomhchoiste Cholmcille de 18 Nollaig 2009. **(Aguisín 5)**.
D'fhill M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

12.83 COMHFHREAGRAS

Tá faisnéis faoi ionadaithe thar ceann Fhoras na Gaeilge fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

13.83 TUARASCÁIL INIÚCHTA INMHEÁNAIGH 2008
Cuireadh in iúl go mbeadh seisiún maidir le rialachas corparáideach le heagrú don Bhord.

14.83 AON GHNÓ EILE
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

15.83 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Seisiún Gan Feidhmeannas Bord Fhoras na Gaeilge 19 Feabhra 2010.

Mhol P.Ó Gallchóir go nglacfadh M.Nic Giolla Mhichíl na miontuairiscí den sheisiún, chuidigh D.Ó Murchú leis an moladh.

<u>Tuairisc an Choiste Polasaí agus Pleanála</u>
Chuir Cathaoirleach an Choiste an moladh a bhí faighte ag an gCoiste ón bhfeidhmeannas maidir le rúnaíocht ar an mBord in iúl don Bhord. Phléigh an Bord an cheist seo agus iarradh ar an gcoiste an doiciméad tacaíochta a d'ullmhaigh an

feidhmeannas a scaipeadh ar na comhaltaí. Aontaíodh go scrúdódh an coiste an cheist arís.

Tuairisc ón gCathaoirleach

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
19 Márta 2010

Aguisín1

Dioscríobh le cur faoi bhráid Coiste na nDeontas

Pobal & Gnó

Cód Nominal	Cur Síos Nominal	Cód Tions	Dáta Úd	Ainm Tionscnaimh	Dí-scríobh le cur faoi bhráid Coiste na nDeontas
2004001	SPG faoi €5k Co B	90166108	25/08/09	Glór Dhál Riada	419.23
2004001	SPG faoi €5k Co B	90166117	25/08/09	Ionad Buail Isteach	987.00
2004001	SPG faoi €5k Co B	90166104	25/08/09	Slí Búrca Voluntary Management	104.00
2004001					**1,510.23**
2206001	Colmcille	0801380	20/02/08	Colmcille	**66,080.77**

67,591.00
Dí-scríobh don Rannóg Pobal agus Gnó

Rannóg Oideachais

Cód Nominal	Cur Síos Nominal	Cód Tions	Dáta Úd	Ainm Tionscnaimh	Dí-scríobh le cur faoi bhráid Coiste na nDeontas
6102001	An tAisaonad BD	0801497	15/12/08	An tAisaonad 09	**17,767.77**
6104001	FNT/Altram BD	0801496	15/12/08	FNT& Altram2009	**28,128.70**
6105001	Gaelscoileanna BD	0801499	14/11/08	Gaelscoileanna Teo	**14,016.00**
6201004	Gaeil Uladh	0500161	27/02/02	Gaeil Uladh	**45,005.70**
6201998	Soláthar Áiseanna Teagaisc	0801422	19/09/08	Coláiste Phádraig Droim Conrac	3,233.86
6201998	Soláthar Áiseanna Teagaisc	0801431	19/09/08	Ollscoil na hÉireann Maigh N	14,549.74
6201998					**17,783.60**
6205999	Foghlaim RíomhChuidithe	0500202	22/12/04	Carroll Heinemann	3,000.00
6205999	Foghlaim RíomhChuidithe	0500200	22/12/04	Patrick McCormack	2,895.00
6205999					**5,895.00**
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164032	17/07/09	Ógras	417.00
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164031	17/07/09	Ógras	394.47
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164030	17/07/09	Ógras	402.00
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164028	17/07/09	Ógras	770.00
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164029	17/07/09	Ógras	162.00
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164009	24/06/09	Carnew Enterprise Centre	28.67
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164016	24/06/09	Craobh na hAchréidh,ConradhnaG	67.32
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164007	24/06/09	Cáirde Uí Néill	4.92
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164010	24/06/09	Club Óige Setanta	320.51
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164006	24/06/09	Cáirde Uí Néill	14.00
6301999	Reacht Club Óige faoi €5k/£3.5K	90164013	24/06/09	Coláiste Shliabh gCuilinn	328.95
6301999					**2,909.84**
6902006	Scéim Ghaelscolaíocht na gCol Oid	0801549	19/06/09	Col. Phádraig Droim Conrach	568.00
6902006	Scéim Ghaelscolaíocht na gCol Oid	0801552	22/06/09	Coláiste Oideachais Froebel	460.00
6902006					**1,028.00**

132,534.61
Dioscríobh don Rannóg Oideachais

200,125.61
Iomlán de Dhioscríobh

Leathanach 1 de 1

Aguisín
2

Dioscríobh le cur faoi bhráid Coiste na nDeontas

Clár na Leabhar Gaeilge

Cód Mír	Fo-mhír	Mír	Fo-mhír	Cód Tions	Dáta Úd	BS	Ainm Tionscnaimh	Dioscríobh BR
								€
53	01	CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí 08	CLG08016	28/02/08	A	Ré Ó Laighléis	350.00
53	01	CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí 08	CLG08018	28/02/08	A	Ré Ó Laighléis	350.00
53	01	CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí 08	CLG08020	28/02/08	A	Nuala Ní Dhomhnaill	350.00
53	01	CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí 08	CLG08024	31/03/08	A	Dermot Somers	350.00
								1,400.00
55	01	CNLG Deontais Eile	Féilte	CLG08094	20/03/08	A	Oireachtas na Gaeilge Deontas	3,000.00
								3,000.00
52	01	CNLG Foilsitheoireacht	Scéim na Foil 08 Táirgíocht	CL08003T	31/03/08	A	Cló Mhaigh Eo Foils 09	447.00
52	01	CNLG Foilsitheoireacht	Scéim na Foil 08 Táirgíocht	CL08009T	31/03/08	A	Oidhreacht Chorca Dhuibhne Tár	7,366.00
								7,813.00
							Iomlán de Dhíscríobh	12,213.00

Aguisín 3

Amlíne le haghaidh moltaí maidir leis an chuíchóiriú

SPRIOC - Cáipéisí le CATT faoi lár na bliana

21 Bealtaine 2010 - Cruinniú Boird– beidh moltaí le cur faoi bhráid an Bhoird le faomhadh ag an chruinniú seo má tá siad le bheith leis an CATT roimh lár lár na bliana.

12 Bealtaine - Dáta seolta na gcáipéisí do chruinniú Boird Bealtaine – beidh moltaí an Choiste Forbartha le seoladh amach leis na cáipéisí

23 Aibreán - Cruinniú Boird– céad plé ag an Bhord maidir le tuairisc na gComhairleoirí

16 Aibreán – Tuairisc ó na comhairleoirí

14 Aibreán - Dáta seolta cáipéisí do chruinniú Boird Aibreáin

Aguisín 4

Clár na Leabhair Gaeilge - Creidiúnaithe (Co C)			
	Account Description	**Caiteachas Comparáideach 2009**	**Buiséad 2010**
5101001	Tuarastal CNLG	92,114	90,000
5101003	Pinsean CNLG	2,028	2,180
5101004	Costais Oifige Eile CNLG	311	400
5101006	Urraíochtaí (oireachtas srl.) CNLG	250	0
5101008	Costais TCF Foireann & Bord CNLG	7,249	7,500
5101009	Costais Cruinnithe CNLG	1,306	1,500
5101010	Mionairgead CNLG	400	400
5101011	Stáiseanóireacht CNLG	2,622	3,108
5101012	Leabhair & Irisí CNLG	118	120
5101013	Deisiú & Athnuachaint CNLG	3,731	3,700
5101014	Postas & Teileafón CNLG	6,343	6,500
5101015	Costais Veain (Maxol, cáin, DOE) CN	2,379	2,300
5101016	Cíos CNLG	11,240	12,000
5101017	Árachas CNLG	2,635	2,700
5101018	Solas & Teas CNLG	3,025	3,100
5101019	Táillí Gairmiúla CNLG	7,915	5,000
5101020	Comhairle Dlí CNLG	1,337	1,500
5101021	Táillí an tArd-Reachtaire	0	5,800
5101023	Oiliúnt CNLG	2,500	2,500
5101024	Suíomh Idirlíon (foin. all.) CNLG	182	0
5101026	Fógraíocht CNLG	6,037	6,100
5101027	Tacaíocht Ríomhairí (foin all) CNLG	3,308	300
5101028	Síntiúis CNLG	350	350
5101029	Táillí Bainc CNLG	265	300
5101033	Margaíocht CNLG	46,794	30,000
5101035	Poiblíocht Raidió & Teilifís CNLG	64,797	35,000
5101038	An tArd Bhailitheoir	45,580	40,000
5502004	Scríobh Leabhar Co D	40,874	50,000
9005002	Trealamh Oifige CNLG Breiseanna	6,812	1,000
9006002	Ríomhairí CNLG Breiseanna	8,211	1,000
		370,712	**314,358**

Clár na Leabhair Gaeilge - Deontais (Co D)			
	Account Description	**Caiteachas Comparáideach 2009**	**Buiséad 2010**
5201001	Scéim na bhFoil 09	867,864	868,000
5301001	Scéim na nOidí 2008	10,850	0
5306001	Scéim na gCoimisiún 05 Deontas	100	0
5307001	Scéim na gCoimisiún 06 Deontas	10,012	9,800
5308001	Scéim na gCoimisiún 08 Deontas	48,200	15,800
5309001	Scéim na nOidí 2009	8,000	15,100
5310001	Scéim na Scoláireachtaí 2009	0	600
5311001	Scéim na gCoimisún 2009	103,300	82,800
Mír nua	Scéim na gCoimisiún 2010		105,000
Mír nua	Scéim na nOidí 2010		10,000

5402001	Clubanna Léitheoireachta	16,745	26,000
5501001	Féile Leabhar BAC - CLÉ	10,000	5,500
5501002	Oireachtas na Gaeilge	62,000	54,500
5501003	IMRAM	15,000	15,000
5501004	Foilsiú Éireann	30,000	90,000
5501006	An Comhdháil Meiriceánach	500	500
5502001	Oidhreacht Chorca Dhuibhne	500	1,000
5502003	Leabhar Power - CLÉ	62,000	0
5504001	CBI - CNLG	13,342	13,500.00
		1,258,413	**1,313,100**
	IOMLÁN	**1,629,125**	**1,627,458**

Aguisín 5

Foras na Gaeilge **Cruinniú Boird: 19 Feabhra 2010**
Mír: 11

Tuairisc ar chinntí agus ar mholtaí Chomhchoiste Cholmcille ón 18 Nollaig 2010

Aontaíodh an moladh agus na cinntí a leanas go leictreonach.

Eagraíocht	Tionscadal	Méid iarrtha	Méid Molta	Stádas
Cumann Gaelach Leath Chathail	Cuairt ó Chearcaill na Gàidhlig, Lannraig a Tuath	€685	€685	Moladh aontaithe ag an Chomhchoiste le faomhadh ag an Bhord
D. Mac Giolla Bhríde & Griogair Labhraidh	Taifeadadh dlúthdiosca: Ó Dhún Ad go Dún na nGall	€2963	€2963	Aontaithe ag an Chomhchoiste
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	Bráithreachas Alban & Éireann – amhránaíocht Ghaeilge na hAlban	€3000	€2963	Aontaithe ag an Chomhchoiste
Scoil Cheoil an Earraigh	Ranganna & amhránaíocht i nGaeilge na hAlban	€1260	€1260	Aontaithe ag bainistíocht FnG & BnG
Ní bhaineann (Colmcille)	Sraith Ceardlanna & ceolchoirmeacha ag Anna Mhàrtain & Ingrid Henderson 1 – 5 Márta 2010	Buiséad Aontaithe £3991.20		Aontaithe ag an Chomhchoiste go leictreonach

Miontuairiscí ón 84ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 19 Márta 2010 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, L. Kennedy, S. Breathnach, C. Nic Pháidín, É. Kinch, L. Bhreatnach, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: P. Ó Biadha, D. Ó Béarra, A. Nic Chárthaigh agus N. Henry. N. Ní Ógáin

01.84 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Cheistigh Á. Andrews beaichte na miontuairiscí maidir le dhá rud:

1. Nach raibh taifead ann do chinneadh ar phrótacalanna cumarsáide leis na ranna urraíochta a mhol sí. Níor glacadh leis an leasú. Aontaíodh go n-amharcfadh an Coiste Iniúchta ar an cheist seo.
2. Nach raibh taifead ann do leasú uaithi ar dhréacht-théarmaí le haghaidh comhairleoirí a cheapadh. Níor glacadh le leasú ar na miontuairiscí.

D'iarr sí go ndéanfaí a nótáil sna miontuairiscí nach raibh sí sásta go raibh na téarmaí tagartha iomlán go leor agus gur mheas sí gur gá tagairt a bheith iontu do chúinsí an dá dhlínse chomh maith.

Ardaíodh ceist faoi mhír 04.83 agus an dóigh nach raibh sé soiléir gur pléadh an cheist maidir le coimhlint leasa agus an riachtanas go mbeadh an próiseas trédhearcach agus gur bheartaigh an bheirt chomhalta éirí as an Choiste Forbartha mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.84 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

D'fhág C. Nic Pháidín, E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, M. Nic Giolla Mhichíl agus Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Moladh deontais nach mó ná **€3,082,400 agus £577,673** a íoc mar bhunmhaoiniú don chéad leath den bhliain 2010 (01 Eanáir go 30 Meitheamh) mar atá leagtha amach sa tábla a leanas.

Eagraíocht	Códuimhir	Méid iarrtha 2010	Molta 2010	Éan-Mth
		€		€
Raidió na Life	0901735	257,030.00		118,058
Oireachtas na Gaeilge	0901731	895,064.18		213,907
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	0901732	913,549.31		376,182
Glór na nGael	0901733	738,456.00		359,839
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	0901738	288,324.00		131,162
Conradh na Gaeilge	0901740	913,215.00		231,909
Forbairt Naíonraí Teo.	0901746	1,585,512.21		524,367
Comhluadar	0901749	414,815.34		125,710
Gaelscoileanna Teo	0901752	623,968.63		232,150

Gael Linn	0901751	1,050,364.00	408,447
Cumann na bhFiann	0901750	832,469.00	255,952
Comhar na Múinteoirí Gaeilge	0901748	321,500.00	104,717
Iomlán			**3,082,400**

Eagraíocht	**Códuimhir**	**Méid iarrtha 2010**	**Molta Éan-Mth 2010**
		£	£
Raidió Fáilte Teoranta	0901728	195,000.00	46,534
Pobal	0901734	210,079.05	91,818
Iontaobhas Ultach	0901736	249,923.00	114,688
Comhaltas Uladh	0901739	152,836.00	46,500
Forbairt Feirste	0901742	130,967.00	58,190
Altram (faoi FNT)	0901746	212,434.00	97,030
An tÁisaonad	0901747	394,301.00	122,913
Iomlán			**577,673**

Moladh **£212,950** a íoc mar mhaoiniú leis na hionaid thíos don bhliain 2010 (01 Eanáir go 31 Nollaig) mar atá leagtha amach sa tábla a leanas.

Eagraíocht	**Cód uimhir**	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
		£	**£**
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	0901729	98,903	**91,763**
An Gaeláras	0901730	205,603	**121,187**
Iomlán			**212,950**

Ghlac an Bord leis na moltaí seo.

CLÁR NA LEABHAR GAEILGE

Scéim na Foilsitheoireachta

Moladh deontais nach mó ná **€535,723** a íoc le Grúpa A, **€252,350** a íoc le Grúpa B agus **€49,250** a íoc le Grúpa C mar mhaoiniú don bhliain 2010 (01 Eanáir go 31 Nollaig) mar atá leagtha amach sna táblaí a leanas.

Grúpa A **Foilsitheoir**	**Molta 2010** **€**
Cló Iar-Chonnachta	177,575
Cois Life	112,975
Cló Mhaigh Eo	50,500
Móinín	45,500
Foilseacháin Ábhar Spioradálta	22,900
Futa Fata	64,273
Leabhar Breac	62,000
Iomlán	**535,723**

Grúpa B **Foilsitheoir**	**Molta 2010** **€**
An Sagart	41,000

An tSnáthaid Mhór	38,350
Arlen House	18,000
Coiscéim	148,000
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	7,000
Iomlán	**252,350**

Grúpa C	**Molta 2010**
Foilsitheoir	**€**
Comhar	25,250
Leabharfhoilsitheoirí Bhreánainn	7,000
Duillí Éireann	12,000
Muintearas	5,000
Iomlán	**49,250**

Scríobh Leabhar

Moladh suim nach mó ná **€40,000** a cheadú do **Scríobh Leabhar 2010/2011**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bhaol calaoise mar baineann sí le socruithe baincéireachta.

briste síos mar seo a leanas:

	Caiteachas measta 2010 *MF - Noll 2010*	**Caiteachas measta 2011** *Ean – Meith 2011*	**Scoilbhliain 2010/2011** *MF 2010 – Meith 2011*
	€	**€**	**€**
Iomlán	**18,350**	**21,650**	**40,000**

Tionscadail Litríochta

Foilsiú Éireann CNLG 10017
Moladh suim nach mó ná **€90,000** do Fhoilsiú Éireann don tréimhse ó 01 Eanáir go 31 Nollaig 2010 ach plean comhaontaithe a chur ar fáil.

Gníomh	***Méid Iarrtha***	***Méid molta***
	€	**€**
Leabhar Power	65,000	65,000
Onix	10,500	10,500
Seachtain na Leabhar Mór Éireannach	16,500	11,500
Díolachán Díreach	3,000	3,000
Iomlán	**95,000**	**90,000**

Tá an maoiniú do 'Seachtain na Leabhar Mór Éireannach' coinníollach ar 10 dteideal Ghaeilge ar a laghad a bheith ar an liosta de 30 teideal.

Oireachtas na Gaeilge CNLG 10016

Moladh suim nach mó ná **€65,000** a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2010 ach plean comhaontaithe a chur ar fáil.

Gníomh	*Méid Iarrtha*	*Méid molta*
	€	**€**
Comórtais Liteartha an Oireachtais	26,500	24,000
Leabhar na Bliana 2009 - duaiseanna	28,000	26,000
Poiblíocht Leabhar na Bliana - Stillwater	30,250	15,000
Iomlán	**84,750**	**65,000**

Tá leasú ainm agus critéir á mholadh do cheann de na duaiseanna: 'Comórtas na Scríbhneoirí Úra' an teideal nua atá á mholadh.
Ní chuirfear maoiniú ar fáil do dhuaiseanna aitheantais – is gá go mbeadh an caighdeán sroichte ag na buaiteoirí.

Ghlac an Bord leis na moltaí seo.

D'fhill C. Nic Pháidín, E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, M. Nic Giolla Mhichíl agus Á. Andrews ag an phointe seo. Cuireadh in iúl dóibh gur ghlac an Bord leis na moltaí ar fad ó Choiste na nDeontas. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Coiste na nDeontas agus leis an fheidhmeannas as an obair a rinne siad.

03.84 TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA
Thug an Bord suntas don tuairisc ón Choiste Polasaí agus Pleanála.

04.84 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Chuir M. Nic Giolla Mhichíl tuairisc ar fáil ar an obair a bhí déanta ag an Choiste go dtí 19 Feabhra nuair a d'éirigh sí as an choiste. Aontaíodh go mbuailfeadh M. Nic Giolla Mhichíl le É. Kinch, Cathaoirleach an Choiste, agus E. Mac Cormaic chun ceist a bhain le miontuairiscí 18 Feabhra a phlé. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh A. Nic Chárthaigh i ndiaidh éirí as an Choiste Forbartha.

05.84 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
Thug an Bord suntas don tuairisc ón Choiste Nuachtán agus Irisí.

06.84 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA
Glacadh leis an mholadh maidir le hathdhíol na gcreataí iontrála. **(Aguisín 1)**
Pléadh cáipéis maidir le bainistíocht thionscadal an fhoclóra a bhí faoi bhráid. Aontaíodh go ndéanfadh Coiste an Fhoclóra bainistíocht an tionscadail a phlé i bhfianaise go bhfuil Stiúrthóir nua le ceapadh. Cuireadh in iúl gur pléadh an tionscadal ag an Choiste Iniúchta an oíche roimhe agus go raibh i gceist ag an Choiste Iniúchta iarraidh ar an Iniúchóir Inmheánach nua na rioscaí a bhain leis an tionscadal a mheas.

07.84 TUAIRISC ÓN CHOISTE ACHOMHAIRC
Thug an Bord suntas don tuairisc ón Choiste Achomhairc.

08.84 COISTÍ AN FHORAIS
Pléadh na moltaí maidir le déanmhas choistí an Fhorais. Aontaíodh go ndéanfaí an Coiste Polasaí agus Pleanála a chónascadh leis an Choiste Forbartha. Aontaíodh go

mbeadh ballraíocht Choistí Fhoras na Gaeilge go dtí Márta 2011 mar atá leagtha amach in **Aguisín 2**.
Aontaíodh amharc arís ar cheist choimhlint leasa ag an chruinniú Boird i mí na Bealtaine.

09.84 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 28 FEABHRA 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010
Cuireadh in iúl go rabhthas fós ag feidhmiú ag leibhéal maoinithe 80% den phróifíl caiteachais don chéad ráithe. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais go deireadh Feabhra agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go Nollaig 2010.

10.84 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

11.84 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go mbeadh cruinniú den CATT ann ar 26 Bealtaine in Ard Mhacha
- Gur glanadh Plean Gnó 2009 ag cruinniú Institúideach ar 17 Nollaig 2009
- Gur tharla na hagallaimh do na poist a leanas:
    - Stiúrthóir: Foilsitheoireacht, Foclóireacht agus Téarmaíocht.
    - Eagarthóir Foclóireachta.
    - Eagarthóir.
    - Comhordaitheoir Tionscadail: Colmcille.

  go raibh na céad tairiscintí déanta ag PAS leis na hiarrthóirí rathúla i ngach cás agus go raibh na hagallaimh eile á socrú de réir a chéile.
- Gur leagadh Tuarascáil Bhliantúil an Fhoras Teanga 2005 faoi bhráid Thithe na Parlaiminte, thuaidh agus theas, ar 26 Feabhra 2010.
- Go raibh plé ag dul ar aghaidh go fóill leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) maidir le hoifig i nGaoth Dobhair.

12.84 COMHFHREAGRAS
Scaipeadh cóip de litir a tháinig ón RGPTG maidir le hainmniúcháin triúr d'fhoireann Fhoras na Gaeilge ar Choiste Athbhreithnithe ar an Chaighdeán Oifigiúil. Aontaíodh S. Ó Murchú, P. Ó Mianáin agus F. Ní Ghallchobhair a ainmniú ar an choiste.

13.84 AON GHNÓ EILE
Cuireadh in iúl go mbeadh an tuairisc ar dhul chun cinn maidir leis an Phlean Gnó curtha ar fáil don Bhord ar bhonn míosúil. Cuireadh in iúl go mbeadh seoladh oifigiúil Gaelscéal, an nuachtán nua, ann Dé hAoine 26 Márta. Cuireadh in iúl go mbeadh post an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais le hathfhógairt i ndiaidh na Cásca.

14.84 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.
Iniúchóir seachtrach

- Tuairiscíodh gur fógraíodh go bhfuil iniúchóir nua seachtrach á lorg agus go mbeidh deis trí sheachtaine ag comhlachtaí cur isteach ar an chonradh.
- Beidh painéal ón Bhord agus ón Fheidhmeannas le buaiteoir an phróisis a roghnú. Conradh trí bliana a bheidh ann.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Financial Emergency Measures

- Aontaíodh go mbeidh cead ag an Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach (Liam Ó Maolmhíchíl agus Eoghan Mac Cormaic) cinneadh a ghlacadh gan chlaonadh.

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
23 Aibreán 2010

Aguisín 1

AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE – ATHDHÍOL NA gCREATAÍ IONTRÁLA
MOLADH DON CHRUINNIÚ BOIRD, 19 MÁRTA 2010

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar an mbonn gur faisnéis í a bhfuil íogaireacht tráchtála ag roinnt léi.

Aguisín 2:

Déanmhas Choistí Fhoras na Gaeilge

Tá faisnéis faoi bhallraíocht choistí de chuid Fhoras na Gaeilge fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

Miontuairiscí ón 85ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 23 Aibreán i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, L. Kennedy, S. Breathnach, C. Nic Pháidín, É. Kinch, P. Ó Biadha, D. Ó Béarra, L. Bhreatnach, M. Nic Giolla Mhichíl, Á. Andrews.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: A. Nic Chárthaigh agus N. Henry.

01.85 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir. Chuir sé in iúl nach raibh deis aige go fóill bualadh le M. Nic Giolla Mhichíl agus É. Kinch i dtaca le mír 04.84 de na miontuairiscí. D'aontaigh an Bord leis na miontuairiscí seachas na miontuairiscí ón seisiún gan feidhmeannas den 19 Márta a bhí le plé agus le haontú ag an Bhord níos moille sa chruinniú. Mar gheall air seo níor síníodh na miontuairiscí.
Cuireadh in iúl go raibh abairt sna miontuairiscí den 14 Samhain 2008 maidir le Comhar le leasú.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ardaíodh ceist faoi athfhógairt phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh agus cuireadh in iúl go raibh an t-eolas cuí le cur ar aghaidh chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

02.85 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

Eagraíocht	**Cód uimhir**	**Méid iarrtha**
An Béal Binn Teoranta	1001003	€70,000

Aontaíodh deontas nach mó ná **€67,410** a chur ar fáil don Béal Binn Teo go dtí 31 Nollaig 2010.

D'fhág Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Scéim Phobail Gaeilge 2011 – 2013
Moladh go leanfaí ar aghaidh le Scéim Phobail Gaeilge do thréimhse trí bliana (Eanáir 2011 go Nollaig 2013) ar aon bhonn le *Scéim Phobail Gaeilge 2008-2010* agus

- Go gcloífí le buiséad nach mó ná €1,200,000 sa bhliain thar thréimhse trí bliana (ionann agus €3,600,000 ina iomláine)

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le Scéim Phobail Gaeilge 2011-2013.
D'fhill Á. Andrews ag an phointe seo.

03.85 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Tháinig L. Ó Maolmhichíl isteach sa chruinniú agus chuaigh sé sa chathaoir. D'fhág E. Mac Cormaic, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, Á. Andrews agus C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Scaipeadh cóip de litir dar dáta 14 Aibreán ón Mheitheal Oibre Nua, grúpa a bhunaigh na heagrais le comhordú a dhéanamh ar mholtaí na n-eagras maidir leis an chuíchóiriú, ar an Bhord. Aontaíodh gur cheart freagra a chur chuig Rúnaí na Meithle ag cur in iúl go raibh sé de dhualgas ar Fhoras na Gaeilge cloí le cinneadh na CATT. Cuireadh in iúl go raibh clár ama maidir le moltaí a chur chuig na Ranna Urraíochta glanta ag an Choiste an mhaidin sin. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl nach raibh moltaí ar bith faighte fós ón Mheitheal Oibre Nua.
D'fhill E. Mac Cormaic, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí, Á. Andrews agus C. Nic Pháidín ar an chruinniú.
Tugadh achoimre dóibh ar an phlé a bhí ann agus cuireadh in iúl go raibh Mazars ceaptha mar chomhairleoirí ag an Choiste Forbartha.

04.85 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
Thug Cathaoirleach an Choiste tuairisc ar an chruinniú a bhí ann ar 21 Aibreán. Chuir sé in iúl gur aistharraing Cló Ceart Teoranta an cás san Ard-Chúirt ar 16 Aibreán.

05.85 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 MÁRTA 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010
Cuireadh in iúl go bhfuarthas 90% den phróifíl caiteachais seachas 80% do mhí Aibreáin.
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais go 31 Márta agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2010.

06.85 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

07.85 DRÉACHT-THUARASCÁIL AGUS DRÉACHTCHUNTAIS FHORAS NA GAEILGE 2009
Nótáil an Bord dréacht-thuarascáil agus dréachtchuntais an Fhorais. Aontaíodh go mbeadh an tagairt don chuíchóiriú sa tuarascáil ag teacht leis an tagairt sna nótaí a ghabhann leis na cuntais.

08.85 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus cuireadh in iúl:

- Go raibh na tairiscintí curtha amach do na poist a leanas:
    - Stiúrthóir: Foilsitheoireacht, Foclóireacht agus Téarmaíocht.(Gaoth Dobhair)
    - Eagarthóir. (Baile Átha Cliath)
      Eagarthóir Cúnta x 4 (Ceann amháin Baile Átha Cliath, 3 Gaoth Dobhair)
    - Comhordaitheoir Tionscadail: Colmcille. (Albain).
- Go raibh gearrliostáil déanta do na poist eile agus clár ama do na hagallaimh a shocrú.
- Gur thug sé cuairt ar an Pháirc Gnó i nGaoth Dobhair ar an 12 Aibreán agus go raibh cóiríocht sealadach á phlé le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an RGPCG.

Tá faisnéis faoi ionadaithe thar ceann Fhoras na Gaeilge fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

- Go raibh sé i gceist cruinniú den Fhoras Teanga a ghairm ar an 21 Bealtaine in Oifig Bhord na hUltaise i mBéal Feirste.
- Go raibh maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta do COGG le leagan leasaithe de Séideán Sí a chur ar fáil do na scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc. Tá cóipcheart ag an Roinn agus ag Foras na Gaeilge ar an áis seo agus beidh cead le tabhairt an t-ábhar a úsáid má tá an tionscadal le dul ar aghaidh. Is gá comhaontú a bheith ann idir Foras na Gaeilge, an Roinn agus COGG ag sainiú rólanna na n-eagras éagsúil.
- Go raibh cruinniú ag na Príomhfheidhmeannaigh ó na Comhlachtaí Forfheidhmithe leis an Chomhrúnaíocht ar 15 Aibreán ag ar cuireadh in iúl:
    - Go raibh treoir maidir le hullmhú Plean Corparáidí 2011-2013 le teacht ó na Ranna Airgeadais,
    - Nach raibh na téarmaí tagartha don athbhreithniú ar an Mheamram Airgeadais réidh go fóill,
    - Go rabhthas ag súil an tuairisc faoin St. Andrew's Review a bheith ag dul chuig Cruinniú Iomlánach ar 05 Iúil..
- Go raibh curtha in iúl ag Cathaoirleach FNT go raibh sé chun éirí as an phost ag an chéad chruinniú eile de bhord FNT agus go mbeadh duine le moladh i ndiaidh ple leis na Naíonraí Gaelacha.
- Go raibh cruinniú le bheith ag an Chathaoirleach agus aige féin leis an Aire, Pat Carey, TD, ar an 28 Aibreán ag 4.00i.n. i dTithe an Oireachtais. Aontaíodh go rachadh an Leas-Chathaoirleach chuig an chruinniú chomh maith.

Tá faisnéis faoi ionadaithe thar ceann Fhoras na Gaeilge fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

Moladh Máire Uí Bhriain (Leas-Chathaoirleach) mar Chathaoirleach eatramhach ar FNT agus ghlac an Bord leis an mholadh.

Moladh cead a thabhairt ábhar Shéideán Sí a chur in oiriúint do scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc ach comhaontú sásúil a bheith ann idir an Roinn, COGG agus Foras na Gaeilge. Ghlac an Bord leis an mholadh.

Cuireadh in iúl gurbh fhéidir go síneofaí cuntais chomhdhlúite 2006 ag an chruinniú den Fhoras Teanga ar 21 Bealtaine. Aontaíodh gur chóir bheith ar an taifead nach ar Fhoras na Gaeilge an locht faoin mhoill maidir le cuntais chomhdhlúite a bheith ar fáil suas chun dáta. Ardaíodh ceist faoi bhuan-orduithe don Fhoras Teanga toisc nach raibh a leithéid ann. Ardaíodh ceist faoin chruinniú den Fhoras Teanga a reáchtáil roimh an chruinniú Boird agus aontaíodh go scaipfí eolas ar an Bhord maidir le ballraíocht reatha Bhord na hUltaise. Aontaiodh go dtabharfaí cuireadh don dá Aire freastal ar chruinniú den Fhoras Teanga.

09.85 COMHFHREAGRAS
Ní raibh aon ní le plé faoi chomhfhreagras.

10.85 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2010

Thug an Bord suntas don uasdátú ar Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge 2010.

11.85 AON GHNÓ EILE
Glacadh leis an mholadh ó Chomhchoiste Cholmcille £2,500 a chur ar fáil do Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain le ranganna Gàidhlig a reáchtáil le linn Scoil Shamhraidh Mhic Reachtain.
Aontaíodh go ndéanfaí an polasaí coimhlint leasa a phlé ag an chéad chruinniú eile.

12.85 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.
Marcas Mac Ruairí a ghlac na miontuairiscí.

Léadh miontuairiscí an tseisiúin iata 19 Márta 2010.

Léirigh Áine Andrews imní nach raibh tagairt sna miontuairiscí de litir a sheol sí chuig an Bhord.

Glacadh leis na miontuairiscí.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

_____
Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
21 Bealtaine 2010

Miontuairiscí ón 86ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Déardaoin 20 Bealtaine 2010 in Óstán an Europa, Béal Feirste agus Dé hAoine 21 Bealtaine 2010 in oifigí Tha Boord o Ulster Scotch, Béal Feirste.

Cruinniú Boird Déardaoin 20 Bealtaine

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, S. Breathnach, P. Ó Biadha, M. Nic Giolla Mhichíl, A. Nic Chárthaigh agus Á. Andrews.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: C. Nic Pháidín, L. Bhreatnach, D. Ó Béarra, L. Kennedy agus N. Henry.

01.86 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Glacadh leis na miontuairiscí den chruinniú 19 Márta 2010 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Bhí plé faoi mhiontuairiscí den 23 Aibreán. Mhol Á. Andrews go leasófaí mír 12.85 de na miontuairiscí le cur in iúl gur léirigh sí 'míshásamh' in áit 'imní' faoin litir a chuir sí chuig an Bhord. Glacadh leis an mholadh. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.86 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

Scéim na n-Oifigeach Gaeilge	**Cód uimhir**	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Comhairle Cathrach Dhoire	1001059	£47,286.75	**£47,286.75** (£7,881 i 2010) (£15,762 i 2011) (£15,762 i 2012) (£7,881.75 i 2013)
Comhairle Dhún Geanainn & Thír Eoghain Theas / An Chorr Chríochach	1001060	£31,524.50	**£31,524.50** (£5.254 i 2010) (£10,508 i 2011) (£10,508 i 201200) (£5,254.50 i 2013)
Comhairle Ceantair Machaire Fíolta agus Comhairle Bhuirg Léim an Mhadaidh	1001061	£31,524.50	**£31,524.50** (£5,254 i 2010) (£10,508 i 2011) (£10,508 i 2012) (£5,254.50 i 2013)

Ghlac an Bord leis na moltaí le haghaidh Scéim na nOifigeach Gaeilge don tréimhse Iúil 2010 go Meitheamh 2013.

Scéim na gCampaí Samhraidh
D'fhág Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

D'aontaigh an Bord €194,562.74 a chur ar fáil le haghaidh na gcampaí samhraidh mar atá sonraithe sa tábla thíos.

Uimh. Thágartha	Ainm an Eagrais	Méid Molta €	Méid Molta £stg
1001045.04	Balbriggan Youth Service	5,000.00	
1001045.20	Carnew Enterprise Centre	5,000.00	
1001045.32	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain		3,415.00
1001045.54	Ionad Uíbh Eachach		3,500.00
1001045.03	An Droichead		3,500.00
1001045.10	Cairde Gaelscoil na Móna	3,361.30	
1001045.13	Cairde Uí Néill		3,500.00
1001045.14	Cairde Uí Néill		3,500.00
1001045.15	Cairde Uí Néill		3,500.00
1001045.58	Ógras	2,495.00	
1001045.59	Ógras	2,495.00	
1001045.60	Ógras	2,445.00	
1001045.25	Coláiste Shliabh gCuillinn		1,840.00
1001045.01	An Clár as Gaeilge	2,750.00	
1001045.06	Ballymana Irish Camp	2,229.80	
1001045.27	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtair		3,500.00
1001045.47	Gaelscoil Bhríde	2,770.25	
1001045.17	Campa Chormaic		3,500.00
1001045.33	Cumann na dTuismitheoirí Gaelscoil Chill Mhantáin	5,000.00	
1001045.02	An Droichead		3,500.00
1001045.21	Carrowmore-Lacken Development Association Ltd	2,504.00	
1001045.30	Craobh na hAchréidh, Conradh na Gaeilge	2,300.00	
1001045.35	Gaeilge Locha Riach	2,700.00	
1001045.46	Gaelphobal an Lorgain		3,500.00
1001045.61	Ógras	2,654.00	
1001045.62	Ógras	1,025.00	
1001045.63	Ógras	1,065.00	
1001045.64	Ógras	1,025.00	
1001045.65	Ógras	1,905.00	
1001045.66	Ógras	2,070.00	
1001045.67	Ógras	1,845.00	
1001045.68	Ógras	1,855.00	
1001045.69	Ógras	1,895.00	
1001045.70	Ógras	1,905.00	
1001045.71	Ógras	2,080.00	
1001045.72	Ógras	2,400.00	
1001045.73	Ógras	2,016.00	
1001045.74	Ógras	1,942.00	
1001045.75	Páistí Eois	2,750.00	
1001045.08	Bunscoil Bheanna Boirche		3,350.00
1001045.24	Coláiste Feirste BELB		3,500.00

1001045.26	Conradh na Gaeilge	2,600.00	
1001045.57	Naomh Lorcán Ó Tuatháil CLG		3,500.00
1001045.55	Mayobridge Community Centre		3,500.00
1001045.16	Campa Chormaic		3,500.00
1001045.18	Campa Chormaic Contae Thír Eoghain		3,500.00
1001045.19	Campa Chormaic Contae Thír Eoghain		3,500.00
1001045.80	Naíscoil Ard Mhacha		3,000.00
1001045.23	Coláiste Bhlinne		2,100.00
1001045.31	Craobh na hAchréidh, Conradh na Gaeilge	2,565.00	
1001045.07	Bunscoil an Traonaigh		3,056.00
1001045.81	Naíscoil Ard Mhacha		3,000.00
1001045.22	Coiste Ghaeloideachas Chromhglinne		3,500.00
1001045.48	Glór Bhréifne	2,030.00	
1001045.49	Glór Bhréifne	1,450.00	
1001045.50	Glór Bhréifne	1,300.00	
1001045.51	Glór Bhréifne	1,300.00	
1001045.28	Coiste Campa Chormaic Co. Dhoire		3,500.00
1001045.34	Cumann Áit Thí Chathail		3,500.00
1001045.29	Craobh Ard Raithín, Conradh na Gaeilge	2,250.00	
1001045.09	Cairde Bheann Mhadagáin		2,600.00
1001045.12	Cairde Ghleann Darach		3,500.00
1001045.05	Ballyholland Primary School		3,450.00
1001045.11	Cairde Ghleann Darach		3,500.00
1001045.56	Naíscoil an Chaistil		3,500.00
		82,977.35	
		111,585.39	99,311.00
	IOMLÁN	**194,562.74**	

Aontaíodh chomh maith leis an mholadh 18 iarratas a dhícháiliú.

D'fhill Á. Andrews ag an phointe seo.
Nótáil an Bord an leasú buiséid ón Áisaonad maidir le bunmhaoiniú 2010.

Nótáil an Bord chomh maith athrú pleananna ó na foilsitheoirí: Cló Iar-Chonnachta, Futa Fata agus Móinín.

Uimh thagartha	**Ainm**	**€ - Iomlán ceadaithe 19-03-2010**	**€ - le díscríobh**
5502004	Scríobh Leabhar	43,350.00	3,350.00

Ghlac an Bord leis an díscríobh thuas maidir leis an scéim Scríobh Leabhar.

Ainm	**Cód uimhir**	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Oideas Gael	1001055	€7,500	€5,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná **€5,000** a chur ar fáil d'Oideas Gael chun scéim scoláireachta do dhaoine fásta a riar.

03.86 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh glactha ag na daoine seo le poist:
  - Eagarthóir (Baile Átha Cliath)
  - Eagarthóir Cúnta (BÁC)
  - Eagarthóir Cúnta (Gaoth Dobhair)

- Go raibh tairiscint déanta do na poist a leanas:
  - Stiúrthóir: Foilsitheoireacht, Foclóireacht agus Téarmaíocht.(Gaoth Dobhair)
  - Eagarthóir Cúnta (Gaoth Dobhair)
  - Oifigeach Forbartha: Colmcille (Gaoth Dobhair)
  - Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht na Faisnéise (BÁC)
  - Oifigeach Foirne Oideachais (Béal Feirste) le saoire mháithreachais a chlúdach
  - Eagarthóir Foclóireachta (Gaoth Dobhair).

- Go raibh curtha in iúl ag Rúnaí an Choiste Téarmaíochta, Fidelma Ní Ghallchobhair, go raibh sí ag éirí as a post agus go raibh fógra trí mhí tugtha aici.

- Go raibh plé ag dul ar aghaidh le hOifig na nOibreacha Poiblí agus Údarás na Gaeltachta maidir le hoifig d'Fhoras na Gaeilge ar an Pháirc Gnó i nGaoth Dobhair.

- Go raibh cruinniú ag an Chathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus aige féin leis an Aire, Pat Carey, TD, ar 28 Aibreán

- Go raibh cruinniú den ghrúpa oibre, sin oifigigh na ranna agus feidhmeannas an Fhorais, ar 10 Bealtaine ag ar cuireadh in iúl:
  - Go raibh na hAirí ag súil le plé a dhéanamh ar mholtaí Fhoras na Gaeilge maidir leis an chuíchóiriú ag an chruinniú ar 26 Bealtaine,
  - Nach ndéanfaí buiséad Fhoras na Gaeilge a fhaomhadh ar 26 Bealtaine,
  - Go mbeadh siad ag cloí le 90% den phróifíl caiteachais maidir le sciaranna maoinithe go dtí go mbeidh an buiséad faofa,
  - Nach raibh na téarmaí tagartha don athbhreithniú ar an Mheamram Airgeadais réitithe ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra go fóill.

- Go bhfuair sé litir ó A. Mac Lochlainn ag cur in iúl go raibh sé ag éirí as mar Chathaoirleach ar an Choiste Téarmaíochta.
- Aontaíodh litir bhuíochais a chur chuig A. Mac Lochlainn agus F. Ní Ghallchobhair.

- Nach raibh cruinniú de Choiste an Fhoclóra ann ach go raibh ceann socraithe don tseachtain dar gcionn.

Aontaíodh go scaipfí CV gairid ar na Comhaltaí Boird roimh ré d'aon ainmniúcháin seachtrach ar Choistí Boird feasta.

04.86 COMHFHREAGRAS
Scaipeadh cóip de litir bhuíochais a fuair an Cathaoirleach ón Aire Ó Cuív, TD, as a sheirbhís mar Chathaoirleach ar Fhoras na Gaeilge. Scaipeadh chomh maith comhfhreagras chuig baill an Bhoird ón Fhóram Comhphleanála (atá comhdhéanta de na 19 eagras bunmhaoinithe) maidir le hathstruchtúrú na hearnála.

06.86 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí tuairisc ar an chruinniú a bhí ann ar 18 Bealtaine.

07.86 TUAIRISC Ó CHOMHCHOISTE CHOLMCILLE
Nótáil an Bord an liosta deontas a bhí ceadaithe ag Comhchoiste Cholmcille ó thús 2010 agus ghlac siad leis an mholadh £12,000 a chur ar fáil do Scéim Scoláireachtaí 2010.
Cuireadh in iúl go raibh aontaithe ag an Heritage Lottery Fund an sceideal ama don deontas £49,900 ceadaithe acu don tionscnamh Slí Cholmcille a chur siar ó 01/04 2009 - 31/03/2011 go dtí 01/04/2010 – 31/03/2012. Moladh an maoiniú de £35,481 a ceadaíodh ag an chruinniú ar 18 Nollaig 2009 a chur siar bliain ar aon dul le cinneadh an HLF.
Glacadh leis an mholadh

Aon ghnó eile
Mhol M. Nic Giolla Mhichíl an tionscadal Playography na Gaeilge.

Cruinniú Boird Dé hAoine 21 Bealtaine
I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, S. Breathnach, P. Ó Biadha, D. Ó Béarra, L. Bhreatnach, M. Nic Giolla Mhichíl, A. Nic Charthaigh agus Á. Andrews.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: C. Nic Pháidín, M. Mac Ruairí, L. Kennedy agus N. Henry.

05.86 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Aontaíodh deis a thabhairt do na baill a raibh baol choimhlint leasa acu ráiteas a dhéanamh sula bhfágfadh siad an seomra.
D'iarr Á. Andrews go mbeadh taifead ar an ráiteas seo a leanas sna miontuairiscí "Agus an Bord ag déanamh cinnithe ag an chruinniú seo inniu maidir le moltaí atá le dul os comhair na CATT i dtaca le hathstruchtúrú na hearnála deonaí, creidim go ndearnadh, gan chúis chuí, seisear comhalta boird a dhíchumasú sna gnéithe sin den phróiseas athstruchtúraithe a bhaineann le plé gineáralta maidir le leagan síos bunphrionsabal, bun-phríorachtaí agus cuspóirí ard-stráitéiseacha Fhoras na Gaeilge.
Creidim fosta gur fhág an Bord é féin foscailte do cháineadh maidir le 'due diligence' as gan ach leath-uair a chloig a chur ar leataobh i gclár an chruinniú do cheist chomh tromchúiseach seo."

D'aontaigh A. Nic Chárthaigh léi.
Chuir an Cathaoirleach in iúl go nglacfadh an plé ar na moltaí cibé méid ama a ghlacfadh sé agus nach raibh sa leathuair ach meastachán.

D'fhág E. Mac Cormaic, M. Nic Giolla Mhichíl, A. Nic Charthaigh agus A. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Scaipeadh dhá plécháipéis a fuair an Coiste Forbartha ón Mheitheal Nua Oibre ar an Bhord. Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar an tuairisc faoin tsamhail nua mhaoinithe a bhí ullmhaithe ag an Choiste. Lean plé faoin ábhar. Ghlac an Bord d'aon ghuth leis an tsamhail nua mhaoinithe.
Cuireadh in iúl go mbeadh cinneadh an Bhoird le plé ag na hAirí ag an chruinniú CATT ar 26 Bealtaine. Aontaíodh go mbeadh na heagrais bhunmhaoinithe le tabhairt le chéile le linn mí an Mheithimh leis na chéad chéimeanna eile a chur in iúl.
Ghabh Cathaoirleach an Bhoird buíochas leis an Choiste Forbartha agus iarbhaill an Choiste sin, leis an fheidhmeannas agus le Mazars as an obair ar fad a rinneadh. Chuir sé in iúl go mbeadh impleachtaí ann don fheidhmeannas ag eascairt as an tsamhail nua mhaoinithe mar gheall ar an obair bhreise a bheadh i gceist.

D'fhill E. Mac Cormaic, M. Nic Giolla Mhichíl, A. Nic Charthaigh agus A. Andrews ag an phointe seo.
Tugadh achoimre dóibh ar an tsamhail nua mhaoinithe agus cuireadh in iúl gur glacadh d'aon ghuth leis. Aontaíodh go scaipfí an dá phlécháipéis ón Mheitheal Oibre Nua agus an tsamhail nua mhaoinithe ar an cheathrar roimh dheireadh an chruinnithe.

08.86 POLASAÍ CHOIMHLINT LEASA
Scaip an Príomhfheidhmeannach cóip den chomhairle agus cáipéisí eile a bhí faighte aige maidir le coimhlint leasa. (Comhairle ó CIPFA, comhairle ón IPA, Caibidil 5 as "On Board" agus sliocht as Art 52 of the Financial Regulation ón Aontas Eorpach maidir leis an cheist). Cuireadh in iúl gur glanadh Polasaí Choimhlint Leasa Fhoras na Gaeilge i 2005. Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh arís do David Nicholl ó CIPFA agus d'Aidan Horan ón IPA chuig an chruinniú Boird i mí Iúil chun cur i láthair a dhéanamh don Bhord agus go dtiocfadh le baill aighneachtaí a chur isteach chuig an fheidhmeannas idir an dá linn. Thagair Á. Andrews do mholadh a rinneadh cúpla mí ó shin maidir le ballraíocht s'aici ar Chomhchoiste Cholmcille agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl nach raibh coimhlint leasa aici.

09.86 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 AIBREÁN 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010
Cuireadh in iúl go rabhthas ag fáil 90% den phróifíl caiteachais ó thús Aibreáin. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2010.

10.86 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

11.86 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2010
Thug an Bord suntas don uasdátú ar Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge 2010.

12.86 AON GHNÓ EILE
D'ardaigh M. Nic Giolla Mhichíl ceist faoi na critéir don Scéim Phobail Gaeilge 2011 - 2013 agus aontaíodh go labhródh É. Ó hArgáin léi ina leith.

13.86 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Miontuairisc ar sheisiún Bhord Fhoras na Gaeilge gan an feidhmeannas i láthair 21-5-2010

I láthair
Cathaoirleach Liam Ó Maolmhichíl, Eoghan Mac Cormaic, Dónal Ó Béarra, Adelaide Nic Chárthaigh, Máiréad Nic Giolla Mhichíl, Séanna Breathnach, Derry Ó Murchú, Padraig Ó Biadha, Lucilita Bhreatnach, Peadar Ó Gallchóir, Éamonn Kinch.

Aontaíodh go dtógfadh Eoghan Mac Cormaic miontuairisc den chuid seo den chruinniú.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2010

Miontuairiscí ón 87ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Déardaoin 24 Meitheamh 2010 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath 2.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, S. Breathnach, P. Ó Biadha, D. Ó Béarra, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, L. Bhreatnach, L. Kennedy.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: M. Mac Ruairí, Á. Nic Chárthaigh, Á. Andrews agus N. Henry.

01.87 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

D'ardaigh P. Ó Gallchóir ceist faoi chruinneas na miontuairiscí ón seisiún gan feidhmeannas den 21 Bealtaine. Chuir sé in iúl go dtig le comhalta, faoi na buan-orduithe, iarraidh go mbeidh taifead ar rud sna miontuairiscí. Dúirt sé gur iarr sé go mbeadh a thuairim léirithe sna miontuairiscí agus gur sáraíodh na buan-orduithe trí rialú an Chathaoirligh nach mbeadh sé nótáilte sna miontuairiscí. Dúirt an Cathaoirleach go bpléifeadh sé an cheist le P. Ó Gallchóir go príobháideach.

Aontaíodh go leasófaí na miontuairiscí do mhír 05.86 le léiriú gur fhág M. Nic Giolla Mhichíl agus E. Mac Cormaic an seomra sular thosaigh Á. Andrews ag caint. Aontaíodh le hiarratas M. Nic Giolla Mhichíl go gcuirfí an abairt seo a leanas le mír 08.86 de na miontuairiscí:

> 'Chuir M. Nic Giolla Mhichíl in iúl go raibh díomá uirthi gur cuireadh siar an plé le cúpla mí anuas ar choimhlint leasa i bhfianaise an chinnidh straitéisigh a bhí ag teacht os comhair an chruinnithe Boird.'

Dúirt sí chomh maith go mbeadh sí ag súil go ndéanfadh an Bord cúram níos mó de cheisteanna den chineál seo sa todhchaí.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.87 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

D'fhág E. Mac Cormaic, C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Ghlac an Bord leis an mholadh ó Choiste na nDeontas maidir le maoiniú do na heagras thíosluaite don tréimhse ó 1 Iúil go dtí 31 Nollaig 2010:

Eagraíocht	Maoiniú faofa ag Bord Fhoras na Gaeilge don tréimhse go 30 Meitheamh 2010	Maoiniú molta don tréimhse ó1 Iúil go 31 Nollaig 2010	Maoiniú molta don tréimhse bliana ina hiomláine ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2010
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	€376,182	€341,183	**€717,365**
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	€131,162	€97,162	**€228,324**
Conradh na Gaeilge	€231,909	€229,661	**€461,570**

Briste síos mar a leanas: Conradh na Gaeilge Feasta	 €207,659 €24,250	 €205,411 €24,250	**€413,070** **€48,500**
Glór na nGael	€359,839	€236,609	**€596,448**
Oireachtas na Gaeilge	€213,907	€309,606	**€523,513**
Raidió na Life	€118,058	€108,055	**€226,113**
Comhar na Múinteoirí Gaeilge	€104,717	€116,897	**€221,614**
Comhluadar	€125,710	€130,555	**€256,265**
Cumann na bhFiann	€255,952	€255,952	**€511,904**
FNT	€524,367	€568,710	**€1,093,077**
Gael-Linn	€408,447	€343,449	**€751,896**
Gaelscoileanna	€232,150	€249,498	**€481,648**
Comhaltas Uladh (& An tUltach)	£46,500	£46,500	**£93,000**
Forbairt Feirste	£58,190	£62,189	**£120,379**
Iontaobhas Ultach	£114,688	£114,688	**£229,376**
Pobal	£91,818	£91,817	**£183,635**
Raidió Fáilte	£46,534	£46,533	**£93,067**
Altram	£97,030	£102,646	**£199,676**
An tÁisaonad	£122,913	£221,165	**£344,078**

Mar eolas don Bhord
Seachtain na Gaeilge (2010) €138,509 Réamh-údaraithe in 2009

Uimhir thagartha 0901732 Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
Nótáil an Bord leasuithe buiséid ceadaithe ag an Phríomhfheidhmeannach 14 Bealtaine 2010 laistigh den €376,182 a bhí ceadaithe ag cruinniú Boird 19 Márta 2010 do Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge .

Leasuithe Buiséid – Clár na Leabhar Gaeilge
D'fhág N. Ní Ógáin an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus d'fhill E. Mac Cormaic agus M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.
Ghlac an Bord leis na leasuithe buiséid maidir le Clár na Leabhar Gaeilge **(Aguisín 1)**
Nótáil an Bord athruithe i bpleananna gnó 2010 ó na foilsitheoirí: Coiscéim, Cois Life, Comhar, Leabhar Breac agus Arlen House.

Iarratais ar Thionscadail Litríochta
Móinín CNLG 10021

Gníomh	***Méid Iarrtha***	***Méid molta***
An Scríobhlann	**€**	**€**
Dianchúrsa Traenála i Scríobh an Ghearrscéil agus an Úrscéil	21,775.00	16,975.00
Iomlán	**21,775.00**	**16,975.00**

Ghlac an Bord leis an mholadh suim nach mó ná **€16,975** a chur ar fáil do Mhóinín i leith An Scríobhlann don tréimhse ó 24 Meitheamh go 31 Nollaig 2010 ar bhonn píolótach.

Gaelchultúr CNLG 10022

Gníomh	***Méid Iarrtha***	***Méid molta***
Clubleabhar.com	**€**	**€**
Iomlán	**7,300.00**	**7,300.00**

Ghlac an Bord leis an mholadh suim nach mó ná **€7,300** a chur ar fáil do Ghaelchultúr don tréimhse ó 01 Meán Fómhair go 31 Nollaig 2010 i leith Clubleabhar.com.

Scéim na gCoimisiún
Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na gCoimisiún 2010 **(Aguisín 2)**
D'fhill C. Nic Pháidín agus N. Ní Ógáin ag an phointe seo.

Scéim na nOidí 2010
Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na nOidí 2010 **(Aguisín 3)**

Scéim na gComplachtaí Drámaíochta
Ghlac an Bord leis na moltaí thíosluaite maidir le Scéim na gComplachtaí Drámaíochta

Ainm	**Uimhir Thag.**	**Méid iarrtha**	**Méid molta do 2010**
Aisling Ghéar	1001078	£85,000	**£80,000**
Axis	1001049	€25,000	**€18,000**
Branar	1001009	€35,000	**€26,000**
Compántas Moonfish	1001079	€18,000	**€15,000**
Fibín	1001039	€40,000	**€28,000**
Graffiti	1001077	€22,684	**€20,000**
Splódar	1001080	€30,000	**€22,000**

03.87 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl go raibh cruinniú ag an fheidhmeannas leis na heagrais bhunmhaoinithe ar 23 Bealtaine i Halla Fhoras na Gaeilge. Scaipeadh cóip de litir a tháinig ó Fhóram na 19 eagraíocht bunmhaoinithe i ndiaidh an chruinnithe sin. D'iarr an Bord ar an Choiste Forbartha déileáil leis. Aontaíodh go gcaithfí aon mholtaí ó ghrúpaí seachtracha a bheith faighte ag an choiste cuí in am réasúnta le go bhféadfaí iad a phlé roimh chruinniú Boird.

04.87 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
D'fhág E. Mac Cormaic an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Scaipeadh cóip de thuairisc ón Choiste Nuachtán agus Irisí ar an Bhord. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 21 Meitheamh le Stiúrthóirí agus foireann Ghaelscéal. Pléadh leagan amach agus ábhar an nuachtáin, cúrsaí dáiliúcháin agus díolacháin, cúrsaí margaíochta srl.

D'fhill E. Mac Cormaic ag an phointe seo.
Cuireadh in iúl go mbeadh an Dr. Regina Uí Chollatáin ag ullmhú Straitéis d'Earnáil na Meán Gaeilge don Choiste. Aontaíodh go ndéanfadh an Dr. Uí Chollatáin cur i láthair don Bhord ar an straitéis.
Scéim Iris Clóite
Ghlac an Bord leis an mholadh síneadh ama a chur leis an chonradh reatha agus suim nach mó ná **€45,192** (€7,532 an eagráin) a chur ar fáil do Chomhar Teoranta chun an iris "Comhar"a fhoilsiú idir 1 Eanáir agus 30 Meitheamh 2011.

05.87 TUAIRISC Ó CHOMHCHOISTE COLMCILLE
D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Thug Cathaoirleach an Choiste tuairisc ar an chruinniú den 8 Meitheamh.
Ghlac an Bord leis an deontas aontaithe de **£12,000** do Gael Linn agus Comann na Gàidhlig leis an tionscadal Rí Chèile a reáchtáil.
D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo agus d'fhág E. Mac Cormaic mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Ghlac an Bord leis an deontas aontaithe de **€3,700** a chur ar fáil do Glór na nGael do Dhuais Cholmcille.
D'fhill E. Mac Cormaic ag an phointe seo.
Ghlac an Bord leis an deontas aontaithe suas go dtí **£16,000** a chur ar fáil do scéim scoláireachtaí briste síos mar seo a leanas:

Sabhal Mòr Ostaig	£9,500
Ionad Cholm Cille, Ille	£6,500

06.87 TUAIRISC Ó CHOMHCHOISTE AN FHOCLÓRA
Thug Cathaoirleach Chomhchoiste an Fhoclóra tuairisc ar an obair go dáta. D'iarr M. Nic Giolla Mhíchíl go gcuirfí spriocanna d'aischur ar fáil don Bhord.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl nach raibh cead faighte go fóill do na poist bhreise ar conradh do thionscadal an fhoclóra.
Ghlac an Bord leis an mholadh Breandán Ó Cróinín a cheapadh mar bhall breise ar Choiste an Fhoclóra.

07.87 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 BEALTAINE 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2010.

08.87 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

09.87 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Chuir an Phríomhfheidhmeannach in iúl:

9. Go raibh glactha ag na hiarrthóirí rathúla leis na poist a leanas:
    - Oifigeach Oideachais le saoire mháithreachais a chlúdach
    - Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Airgeadas, AD & TF (BÁC)
    - Oifigeach Feidhmiúcháin (BÁC)
    - Oifigeach Forbartha – Colmcille (Gaoth Dobhair)

Go raibh tairiscint déanta do na poist a leanas:

- Stiúrthóir: Foilsitheoireacht, Foclóireacht agus Téarmaíocht.(Gaoth Dobhair)
- Eagarthóir Foclóireachta (Gaoth Dobhair)
- Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Pleanáil Chorparáideach (BÁC)
- Oifigeach Feidhmiúcháin (Gaoth Dobhair)

Chuir sé in iúl go raibh folúntais le fógairt an tseachtain sin, post an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh ina measc.

10. Go raibh plé ag dul ar aghaidh leis an OPW agus Údarás na Gaeltachta maidir le hoifig d'Fhoras na Gaeilge ar an Pháirc Gnó i nGaoth Dobhair.

Chuir sé in iúl go raibh duine le hainmniú ar an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ach go raibh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag iaraidh dhá ainm, bean agus fear, agus go ndéanfadh an Roinn sin an cinneadh. Aontaíodh gurb iad M. Nic Giolla Mhichíl agus S. Ó Coinne, Clárbhainisteoir Oideachais, Foras na Gaeilge an dá ainm le cur chun tosaigh.

10.87 COMHFHREAGRAS
Nótáil an Bord comhfhreagras ó roinnt eagrais maidir leis an chuíchoiriú.

11.87 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2010
Nótáil an Bord an uasdátú ar an Phlean Gnó.

12.87 AON GHNÓ EILE
Ní raibh aon phlé faoin mhír seo.

13.87 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Miontuairiscí den chruinniú iata de Bhord Fhoras na Gaeilge a tionóladh 24 Meitheamh 2010

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, P. Ó Biadha, D. Ó Béarra, É. Kinch, L. Bhreatnach, D. Ó Murchú, L. Kennedy, E. Mac Cormaic, P. Ó Gallchóir agus S. Breathnach.

Thug an Cathaoirleach tuairisc ar an phlé leis an Roinn. Glacadh leis na moltaí seo a leanas:

(a) Méaduithe don Phríomhfheidhmeannach faoi 'I dTreo 2016'. Tugadh cead na méaduithe seo a íoc:

3% ó 01/12/06
2% ó 01/06/07
2.5% ó 01/03/08
2.5% ó 01/09/08

(b) Cinneadh go leasófaí tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh de réir na moltaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird, is é sin, 'With effect from 1 January 2010, the salary shall be adjusted in line with general round increases payable to staff of the Irish Public Service and shall also be adjusted in accordance with Irish legislation, including the Financial Emergency Measures in Public Interest (no 2) Act 2009'.

Ritheadh (a) agus (b) d'aonghuth. Molta ag P. Ó Gallchóir agus cuidithe ag D. Ó Murchú.

(c) Cinneadh go ngearrfaí 10% de réir dlí mar íocaíocht sa bhliain reatha ó na riaráistí a luaitear ag (a) thuas. Molta ag D. Ó Murchú agus cuidithe ag S. Breathnach.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'fhág L. Ó Maolmhichíl, E. Mac Cormaic agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú ag an phointe seo de bharr coimhlint leasa.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ní raibh S. Breathnach ná P. Ó Gallchóir i láthair ag am vótála toisc brú ama a bheith orthu.

Chríochnaigh an cruinniú ar 14.36i.n.

Aguisín 1

Leasuithe buiséad – Clár na Leabhar Gaeilge

Beidh €4,600 le cur le buiséad 2010 do Scéim na gCoimisiún 2009 mar go mbeidh sé le n-íoc i mbliana:

Scéim na gCoimisiún	Uimh thagartha	Ainm	€
2009	CLG08164	A. Ní Ghlinn	3,600.00
	CLG08167	An Sagart	1,000.00
		Iomlán	**4,600.00**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2009 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar nach gcaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €9,200.

Scéim na gCoimisiún	Uimh thagartha	Ainm	€
2009	CLG08145	Cois Life	1,000.00
	CLG08160	Futa Fata	1,000.00
	CLG08157	T. Mac Dhonnagáin	2,800.00
	CLG08159	T. Mac Dhonnagáin	4,400.00
		Iomlán	**9,200.00**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2008 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar nach gcaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €1,000.

Scéim na gCoimisiún	Uimh thagartha	Ainm	€
2008	CLG08047	Leabhar Breac	1,000.00
		Iomlán	**1,000.00**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2006 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar nach gcaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €1,000.

Scéim na gCoimisiún	Uimh thagartha	Ainm	€
2006	CLG08079	Leabhar Breac	1,000.00
		Iomlán	**1,000.00**

Scéim na gCoimisiún Aguisín 2

Cló Iar-Chonnachta

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012	Buiséad measta 2013
CNLG10024	Mícheál Ó Conghaile	Leabhar do dhéagóirí	10,000	0				
CNLG10025	Áine Uí Fhoghlú	Leabhar do dhéagóirí	8,000	0				
CNLG10026	Anna Heussaff	Leabhar do dhéagóirí	9,000	8,000	4800	3200		
CNLG10027	Gabriel Rosenstock	Saothar do dhaoine óga	6,000	5,000	3000	2000		
CNLG10028	Pádraig Standún	Ficsean do dhaoine fásta	10,000	8,000	1600	3200	3200	
CNLG10029	Mícheál Ó Conghaile	Drámaíocht	10,000	0				
CNLG10030	Joe Steve Ó Neachtain	Drámaíocht	10,000	0				
CNLG10031	Mícheál Ó Muircheartaigh	Fáisnéis	6,000	0				
CNLG10032	Frank Reidy	Fáisnéis	15,000	7,500	1500	3000	3000	
CNLG10033	Máirtín Ó Catháin	Stair an phobail	15,000	7,000	1400	2800	2800	
CNLG10034	Martán Ó Ciardha	Stair an phobail	10,000	0				
CNLG10035	Cló Iar-Chonnacht	Riarachán	11,000	5,000			2000	3000
		Iomlán	**120,000**	**40,500**	**12,300**	**14,200**	**11,000**	**3,000**

Cois Life

Uimhir thagartha	Scríbhneoir	Réimse	Méid iarrtha	Molta	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011	Buiséad measta 2012	Buiséad measta 2013
CMLG10036	Mícheál Ó Ruairc	Úrscéal do dhéagóirí	6000	4,000	800	3200		

CMLG10037	Rhiannon Watson	Saothar do dhaoine óga	6120	4,000	4000			
CMLG10038	Dr. Con Ó Ruairc	Fáisnéis	10,000	5,000	1000	4000		
CMLG10039	Fionnuala Cloke	Fáisnéis	9,800	0				
CMLG10040	Cois Life	Riarachán	4,000	3,000		1,000	2000	
		Iomlán	**35,920**	**16,000**	**5,800**	**8,200**	**2,000**	**0**

Coiscéim

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2010**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**
CNLG10041	Seán Ua Cearnaigh	Úrscéal do dhéagóirí	2500	2500	2500			
CNLG10042	Mícheál Ó hUanacháin	Saothar do dhaoine óga	7,000.00	2500	2500			
CNLG10043	Mícheál Ó hUanacháin	Saothar do dhaoine óga	7,500.00	0				
CNLG10044	Mícheál Ó hUanacháin	Saothar do dhaoine óga	7,500.00	1500	1500			
CNLG10045	Maidhc Dainín Ó Sé	Ficsean do dhaoine fásta	15,000	7000	4200	2800		
CNLG10046	Pádraig Ó Baoighill	Ficsean do dhaoine fásta	11,125	0				
CNLG10047	Tomás Mac Síomóin	Ficsean do dhaoine fásta	15,000	9000	5400	3600		
CNLG10048	Diarmuid Ó Gráinne	Ficsean do dhaoine fásta	8,000	5000	5000			
CNLG10049	Mícheál Ó hUanacháin	Ficsean do dhaoine fásta	7,000.00	0				
CNLG10050	Séamas Mac Annaidh	Ficsean do dhaoine fásta	5,000.00	5000	5000			
CNLG10051	Brian Ó Baoill	Saothar d'fhoghlaimeoirí fásta	2,500	2500	1500	1000		
CNLG10052	Brian Ó Baoill	Saothar d'fhoghlaimeoirí fásta	2,000	0	0	0		

CNLG10053	Mícheál Ó hUanacháin	Saothar d'fhoghlaimeoirí fásta	4,500.00	0	0	0		
CNLG10054	Mícheál Ó hUanacháin	Saothar d'fhoghlaimeoirí fásta	3,000.00	0	0	0		
CNLG10055	Colette Nic Aodha	Filíocht	15,000	6000	3600	2400		
CNLG10056	Seán Ó Muimhneacháin	Filíocht	5,000					
CNLG10057	Simon Ó Faoláin	Filíocht	6,500	3500	3500			
CNLG10058	Antainne Ó Donnaile	Filíocht	5,000	4000	800	3200		
CNLG10059	Proinsias Mac a' Bhaird	Filíocht	4,300	0				
CNLG10060	Mícheál Ó hUanacháin	Filíocht	5,000.00	0				
CNLG10061	Mícheál Ó hUanacháin	Filíocht	8,000.00	0				
CNLG10062	Domhnall Mac Síthigh	Filíocht	5,500.00	0				
CNLG10063	Ceaití Ní Bheildiúin	Filíocht	4,000.00	3000	600	1200	1200	
CNLG10064	Peadar Ó hUallaigh	Filíocht	6,000	3000	600	1200	1200	
CNLG10065	Ceaití Ní Bheildiúin	Drámaíocht	4,000.00	0				
CNLG10066	Seán Mac Mathúna	Drámaíocht	7,500.00	3500	2100	1400		
CNLG10067	Dáithí Ó hÓgáin	Saothar acadúil	4,000	2000	2000			
CNLG10068	Seoirse Ó Luasa	Saothar acadúil	7,000	0				
CNLG10069	Pádraig Ó Baoighill	Saothar acadúil	16,338	0				
CNLG10070	Aindrias Ó Cathasaigh	Saothar acadúil	15,000	0				
CNLG10071	Pádraig Ó Fearaíl	Saothar acadúil	12,000.00	0				
CNLG10072	Pádraig Ó Cíobháin	Saothar acadúil	15,000.00	0				
CNLG10073	Tom Hodgins	Béaloideas	4,000.00	0				

CNLG10074	Tom Hodgins	Fáisnéis	5,000.00	0				
CNLG10075	Matt Hussey	Fáisnéis	6,000	3000	3000			
CNLG10076	Seanán Ó Coistín & Ciarán Ó Bréartúin	Fáisnéis	10,000	0				
CNLG10077	Coiscéim	Riarachán	36,000	16,000	3,000	11000	1000	1000
		Iomlán	**303,763**	**79,000**	**46,800**	**27,800**	**3,400**	**1,000**

Futa Fata

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2010**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**
CNLG10078	A. Nic Giolla Bhrighde	Pictiúrleabhar do pháistí	3,000	3,000	1800	1200		
CNLG10079	P. Forde	Pictiúrleabhar do pháistí	3,000	3,000	1800	1200		
CNLG10080	Futa Fata	Riarachán	2,000	2,000			2,000	
		Iomlán	**8,000**	**8,000**	**3,600**	**2,400**	**2,000**	

Leabhar Breac

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2010**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**
CNLG10081	Máire Uí Dhufaigh	Saothar do dhéagóirí	11000	6000	6000	0		
CNLG10082	Darach Ó Scolaí	Ficsean do dhaoine fásta	15,000	7000	7000	0		

CNLG10083	Éilís Ní Anluain	Ficsean do dhaoine fásta	15,000	5000	5,000			
CNLG10084	Leabhar Breac	Riarachán	3,000	3,000		3000		
		Iomlán	**44,000**	**21,000**	**18,000**	**3,000**	**0**	**0**

Cló Mhaigh Eo

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2010**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**
CNLG10085	Liam Mac Uistín	Úrscéal do dhéagóirí	9,000	3,000	3,000			
CNLG10086	Cló Mhaigh Eo	Riarachán	1,000	1,000	1,000			
		Iomlán	**10,000**	**4,000**	**4,000**	**0**	**0**	**0**

Comhar

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2010**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**
CNLG10087	Alan Desmond	Saothar d'fhoghlaimeoirí fásta	10,000	5,000	5,000			
CNLG10088	Eithne Nic Eoin	Stair an phobail	10,000	0				
CNLG10089	Proinsias Mac a' Bhaird	Ficsean do dhaoine fásta	8,000	0				
CNLG10090	Séamus Ó Diollúin	Beatháisnéis/Stair na nGael	6,000	0				
CNLG10091	Comhar	Riarachán	4,000	1,000	1,000			

		Iomlán	**38,000**	**6,000**	**6,000**	**0**	**0**	**0**

O'Brien Press

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2010**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**
CNLG10092	Áine Ní Ghlinn	Saothar do dhéagóirí	9,000	8,000	8,000			
CNLG10093	O'Brien Press	Riarachán	1,000	1,000		1000		
		Iomlán	**10,000**	**9,000**	**8,000**	**1,000**	**0**	**0**

Glór na nGael

Uimhir thagartha	**Scríbhneoir**	**Réimse**	**Méid iarrtha**	**Molta**	**Buiséad measta 2010**	**Buiséad measta 2011**	**Buiséad measta 2012**	**Buiséad measta 2013**
CNLG10094	Siobhán Seoighe	Cnuasach Amhráin & filíocht	6,000	3,000	600	2400		
CNLG10095	Glór na nGael	Riarachán	1,000	1,000			1000	
		Iomlán	**7,000**	**4,000**	**600**	**2,400**	**1,000**	**0**

Mór-iomlán	**576,683**	**187,500**	**105,100**	**59,000**	**19,400**	**4,000**

Aguisín 3

Scéim na nOidí 2010

Moladh glacadh leis na hiarratais seo a leanas faoi Scéim na nOidí:

Réimse Liteartha: Gearrscealaíocht, stair, prós do dhaoine óga/déagóirí, iriseoireacht

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011
CNLG10098	**Ábhar scríbhneora**	Seán Fennell	1,000		1,000
CNLG10099	**Oide**	Le socrú (D. Somers molta)	2,850	1,000	1,850
	Iomlán		**3,850**	**1,000**	**2,850**

Réimse Liteartha: Filíocht, leabhair do pháistí

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011
CNLG10100	**Ábhar scríbhneora**	Fionnuala Ní Mhealláin	1,000		1,000
CNLG10101	**Oide**	Le socrú (G. Rosenstock molta)	2,850	1,000	1,850
	Iomlán		**3,850**	**1,000**	**2,850**

Réimse Liteartha: Filíocht

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011
CNLG10102	**Ábhar scríbhneora**	Ailbhe Ní Ghearbhuigh	1,000		1,000
CNLG10103	**Oide**	Le socrú (B. Ní Mhóráin molta)	2,850	1,500	1,350
	Iomlán		**3,850**	**1,500**	**2,350**

Réimse Liteartha: Filíocht

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011
CNLG10104	**Ábhar scríbhneora**	Séamas Barra Ó Súilleabháin	1,000		1,000
CNLG10105	**Oide**	Le socrú (G. Rosenstock molta)	2,850	1,000	1,850

	Iomlán		**3,850**	**1,000**	**2,850**

Réimse Liteartha: Gearrscealaíocht

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011
CNLG10106	**Ábhar scríbhneora**	Muiris Ó Meara	1,000		1,000
CNLG10107	**Oide**	Le socrú (Alan Titley molta)	2,850	1,500	1,350
	Iomlán		**3,850**	**1,500**	**2,350**

Réimse Liteartha: Pictiúrleabhair do pháistí óga.

Uimhir thagartha		Ainm	Deontas	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011
CNLG10108	**Ábhar scríbhneora**	Linda O'Sullivan	1,000		1,000
CNLG10109	**Oide**	Le socrú (T. Mac Dhonnagáin molta)	2,850	1,500	1,350
	Iomlán		**3,850**	**1,500**	**2,350**

	Méid iarratais	Deontas	Buiséad measta 2010	Buiséad measta 2011
Mór - Iomlán	6	**23,100**	**7,500**	**15,600**

Moladh diúltú do na hiarratais seo a leanas:

Réimse Liteartha: Filíocht, Scéalta do pháistí, Cóiriú ar fhinscéalta, Cumadóireacht amhrán

Uimh thagartha		Ainm
CNLG10096	Iarrthóir	Seán Ó Muireagáin
CNLG10097	Oide	

Réimse Liteartha: Drámaíocht

Uimh thagartha		Ainm
CNLG10110	Iarrthóir	Séamus Ó Fatharta
CNLG10111	Oide	

Miontuairiscí ón gcruinniú de Bhord Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 09 Iúil in Óstán Grand Canal, Baile Átha Cliath 4

Seisiún Gan Feidhmeannas
I láthair:
S.Breathnach, M.Nic Giolla Mhichíl, L. Kennedy, L.Breatnach, A.Nic Chárthaigh, É.Kinch, L.Ó Maoilmhichíl (Cathaoirleach), D.Ó Murchú, M.Mac Ruairí, E.Mac Cormaic, P.Ó Biadha,

Leithscéalta: C.Nic Pháidín, D.Ó Bearra, Á.Andrews, P.Ó Gallchóir

Miontuairiscí
Mhol E.Mac Cormaic agus chuidigh L.Breathnach go nglacfadh M.Nic Giolla Mhichíl na miontuairiscí. Ghlac an Bhord leis an moladh seo.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'imigh L.Ó Maoilmhichíl, M.Nic Giolla Mhichíl, A.Nic Chárthaigh agus E. Mac Cormaic ón gcruinniú de bharr baol ar choimhlint leasa.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Miontuairiscí ón 88ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 30 Iúil in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maoilmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, S. Breathnach, P. Ó Biadha, D. Ó Béarra, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, L. Bhreatnach, A. Nic Chárthaigh, L. Kennedy agus M. Mac Ruairí.
Leithscéal: Á. Andrews.
Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.
Leithscéal: É. Ó hArgáin.

01.88 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Chuir P. Ó Gallchóir in iúl go raibh sé sásta gur scríobh an Cathaoirleach chuige maidir leis na miontuairiscí den 21 Bealtaine 2010 agus d'ardaigh sé ceist ar leasaíodh na miontuairiscí ó shin mar a bhí iarrtha aige. Chuir an Cathaoirleach in iúl go bpléifí an cheist seo ag an seisiún gan feidhmeannas. Chuir an Príomhfheidhmeannach ceist ar chóir an choimhlint leasa luaite sna miontuairiscí ón seisiún gan feidhmeannas den 24 Meitheamh a shonrú ar an dearbhú leasa ag na comhaltaí i gceist nó ar chóir a shonrú sna miontuairiscí. Aontaíodh go leasófaí na miontuairiscí ag mír 13.87 (c) go

'D'fhág L. Ó Maolmhichíl, E. Mac Cormaic agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú ag an phointe seo de bharr chomhairle dlíodóra'.

D'ardaigh P. Ó Gallchóir ceist an raibh na miontuairiscí ón chruinniú speisialta gan feidhmeannas den 9 Iúil ar fáil agus cuireadh in iúl go mbeadh siad le plé ag an seisiún gan feidhmeannas. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.88 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS
D'fhág M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa
Ghlac an Bord leis na moltaí €110,400 agus £27,000 a chur ar fáil le haghaidh féilte éagsúla mar atá sonraithe in **Aguisín 1**.

D'fhág A. Nic Chárthaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Bhí plé ann faoin iarratas ó Ghaelchultúr agus aontaíodh nach ndéanfaí aon mholadh go dtí go gcríochnófaí an taighde ar réimse na n-áiseanna/na gcúrsaí san earnáil seo a bhí maoinithe ag Foras na Gaeilge.

Scéim na n-Imeachtaí Óige
D'fhill A. Nic Chárthaigh ag an phointe seo.
Ghlac an Bord leis na moltaí £98,162.03 (£44,432 i 2010 agus £53,730.03 i 2011) agus €106,462.98 (€54,265 i 2010 agus €52,197.98 i 2011) a chur ar fáil le haghaidh Scéim na n-Imeachtaí Óige (**Aguisín 2**)

Ghlac an Bord leis an leasú ar Scéim na gCampaí Samhraidh **(Aguisín 3)**
Móriomlán ceadaithe 20/05/10 agus 21/05/10 - €194,562.74. Móriomlán nua iarrtha - €194,978.18 - toisc deontas €3,361.30 a bheith ceadaithe in áit deontas £3,361.30 stg (Féach uimhir thag. 1001045.10)

D'fhill M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

Leasuithe buiséid – Clár na Leabhar Gaeilge
D'fháig C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Ghlac an Bord leis na leasuithe buiséid maidir le Clár na Leabhar Gaeilge (**Aguisín 4**).
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

03.88 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 8 Iúil. Scaipeadh cóip de litir i mBéarla a tháinig ón dá Roinn den 27 Iúil maidir le cuíchóiriú na n-eagras Gaeilge. Cuireadh in iúl sa litir go raibh dréachtphlean forfheidhmithe le hullmhú ag an Choiste Forbartha roimh dheireadh Mheán Fómhair maidir le dearadh na scéimeanna nua. Aontaíodh díomá an Bhoird a chur in iúl go raibh an litir i mBéarla agus an freagra á chur i nGaeilge.

04.88 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEITHEAMH 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010.
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2010. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí Mheán Fómhair.

05.88 RIALACHAS CORPARÁIDEACH
Thug David Nicholl agus Aidan Horan cur i láthair ar rialachas corparáideach.

06.88 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

07.88 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

1. Go raibh glactha ag na hiarrthóirí rathúla seo le post:
    - Stiúrthóir: Foilsitheoireacht, Foclóireacht agus Téarmaíocht.(Gaoth Dobhair)
    - Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Pleanáil Chorparáideach (BÁC)
    - Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Pobal & Gnó (GD)
    - Oifigeach Feidhmiúcháin: Pobal & Gnó (GD)

2. Go raibh plé ag dul ar aghaidh leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (RGPC&G) agus Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair maidir le hoifig d'Fhoras na Gaeilge i nGaoth Dobhair.

3. Go raibh curtha in iúl ag Norman Henry do na Ranna gur éirigh sé as an Bhord.

4. Go raibh cruinniú den CATT le bheith ann ar 03 Samhain 2010.

5. Nach raibh na poist ar conradh do thionscadal an fhoclóra faofa go fóill.

6. Go raibh cruinniú aige leis an RGPC&G (ag feidhmiú thar ceann na ranna urraíochta) ar an Mháirt 27 Iúil 2010. Ag an chruinniú chuir na ranna in iúl nach raibh buiséad 2010 d'Fhoras na Gaeilge, Chlár na Leabhar Gaeilge agus Cholmcille iomlán aontaithe go fóill ach go raibh súil iad a bheith aontaithe i mí Mheán Fómhair.

7. Go raibh treoir maidir le hullmhú Plean Gnó 2011 agus Plean Corparáideach 2011-2013 tagtha ó na ranna agus go mbeadh leaganacha le plé ag an Choiste Forbartha.

8. Go bhfoilseofaí Tuarascáil Bhliantúil 2006 roimh dheireadh mhí Lúnasa 2010.

9. Go raibh Cathaoirleach le ceapadh ar FNT agus gurb é an moladh a bhí aontaithe leis na Naíonraí Gaelacha ná Máire Uí Bhriain.

Ghlac an Bord leis an mholadh.

Ritheadh rún comhbhróin le Seán Ó Cearnaigh, Clárbhainisteoir: Pleanáil Chorparáideach, ar bhás a mháthar.

Aontaíodh go bhféadfadh an Príomhfheidhmeannach léas le haghaidh oifig i nGaoth Dobhair a aontú agus a shíniú. Aontaíodh go mbainfí úsáid as Optinet don trealamh ríomhaireachta toisc go raibh an comhlacht sin ag soláthar tacaíocht ríomhaireachta d'Fhoras na Gaeilge cheana.
D'ardaigh A. Nic Chárthaigh ceist an mbeadh ionchur ag an Bhord maidir leis an Phlean Gnó agus an Plean Corparáideach agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh fáilte roimh ionchur ó na comhaltaí maidir le Plean Gnó 2011 agus Plean Corparáideach 2011-2013 agus go bpléifí iad ag an Choiste Forbartha agus ag an Bhord i mí Mheán Fómhair.

08.88 COMHFHREAGRAS
Tugadh suntas do litir ó Chomhrúnaíocht na CATT.

09.88 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2010
Cuireadh in iúl go raibh an Straitéis Idirlín don Óige le bheith réidh don Bhord inniu ach go raibh tuairisc maidir le húsáid an idirlín ag daoine óga le foilsiú ag an London School of Economics agus gurbh fhearr fanacht agus an tuairisc sin a chur san áireamh sa Straitéis.

10.88 AON GHNÓ EILE
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

11.88 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe. Chuir sé in iúl go raibh Iniúchóir Inmheánach nua roghnaithe agus go raibh plean bliana le haontú ag an Choiste leis an Iniúchóir agus le cur os comhair an Bhoird. Chuir sé in iúl chomh maith go raibh athruithe molta ar an Mheamram Airgeadais le hullmhú ag an Choiste agus le plé ag an Bhord i mí Mheán Fómhair. Scaipeadh cóip den chlár riosca agus ghlac an Bord leis. Ghabh Cathaoirleach an Bhoird buíochas leis an Choiste Iniúchta as an obair ar fad go dáta.

Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
24 Meán Fómhair 2010

Miontuairiscí ón 89ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Déardaoin 23 Meán Fómhair agus Dé hAoine 24 Meán Fómhair 2010 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath 2.

Déardaoin 23 Meán Fómhair 2010

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, Á. Andrews, L. Bhreatnach agus M. Mac Ruairí.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: D. Ó Béarra, L. Kennedy, S. Breathnach, A. Nic Chárthaigh agus P. Ó Biadha.
M. Ó Ríordáin agus N. Ní Ógáin.

01.89 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Bhí plé ar na miontuairiscí. Cuireadh in iúl gur cuireadh cáipeis maidir le réimse na n-áiseanna teagaisc maoinithe ag Foras na Gaeilge faoi bhráid Choiste na nDeontas. Ardaíodh ceist faoi na miontuairiscí ón seisiún gan feidhmeannas agus cuireadh in iúl go bpléifí níos moille sa chruinniú iad.

02.89 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

D'fhág Á. Andrews, M. Mac Ruairí, E. Mac Cormaic, C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Ghlac an Bord leis an mholadh maoiniú eisceachtúil de £9,576 a chur ar fáil do Raidió Fáilte.
D'fhill Á. Andrews, M. Mac Ruairí, E. Mac Cormaic, C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.

Ainm	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Gaelchultúr	1001067	€92,000	€85,000

Bhí plé ar an iarratas ó Ghaelchultúr agus aontaíodh go gcuirfí €39,000 ar fáil ach nach bhféadfaí an €46,000 a chur ar fáil do tháillí le hábhair teagaisc a fhorbairt go dtí go raibh an taighde ar réimse na n-áiseanna teagaisc pléite ag an Bhord. Aontaíodh go scaipfí cóip den taighde ar an Bhord agus go bpléifí an cheist arís.

Nótáil an Bord na leasuithe buiséid do na grúpaí bunmhaoinithe seo a leanas: Raidió na Life Gaelscoileanna, Forbairt Naíonraí Teo, An tÁisaonad agus Comhar na Múinteoirí Gaeilge.

Ghlac an Bord leis an mholadh suim nach mó ná €95,000 (€15,000 i 2010 agus €80,000 i 2011) a cheadú don scéim GLEO 2010/2011 (Gaeilge Labhartha san Earnáil Oideachais).

D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Ghlac an Bord leis an nóta eolais agus na leasuithe buiséid ó Chlár na Leabhar Gaeilge. (Aguisín 1)
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

04.89 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA
Ghlac an Bord leis an moladh nua maidir le foilsiú an fhoclóra. (Aguisín 2). Aontaíodh, agus an fhoireann nua earcaithe go n-ullmhófaí sceideal foilsithe ar an leagan leictreonach don chruinniú i mí na Nollag.
Ghlac an Bord leis an mholadh conradh dar luach nach mó ná €23,360 leis an Lárionad Staidéar Teanga is Cumarsáide, Coláiste na Trionóide, le taighde bhreise a dhéanamh ar Chorpas na Gaeilge. (€ 6,914 i 2010, 12,840 i 2011 agus 3,606 i 2012).

05.89 TUAIRISC ÓN CHOISTE ACHOMHAIRC
D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Chuir Cathaoirleach an Choiste Achomhairc in iúl go raibh an Coiste sásta seasamh le cinntí Chlár na Leabhar Gaeilge maidir le ceithre iarratas ar achomharc. Cuireadh in iúl nach raibh an Coiste sásta seasamh le cinneadh Chlár na Leabhar Gaeilge maidir le hiarratas ó A. Ó Cathasaigh agus gur chóir athmheasúnú a dhéanamh ar an iarratas.
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

Dé hAoine 24 Meán Fómhair 2010

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, Á. Andrews, L. Bhreatnach, M. Mac Ruairí, S. Breathnach agus L. Kennedy.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: D. Ó Béarra, A. Nic Chárthaigh agus P. Ó Biadha.
N. Ní Ógáin.

06.89 TUAIRISC Ó CHOMHCHOISTE CHOLMCILLE
Bhí plé ar mholadh an Chomhchoiste deontas de £145,089 a chur ar fáil don tionscadal 'Bridging the Gap'. Aontaíodh an moladh a chur siar go dtí an chéad chruinniú Boird eile.
Pléadh ballraíocht Chomhchoiste Cholmcille ó thaobh Fhoras na Gaeilge de agus aontaíodh A. Andrews a ainmniú ar an Chomhchoiste agus go mbeadh É. Kinch mar ionadaí sa chás nach mbeadh comhalta in ann freastal ar chruinniú den Chomhchoiste.

03.89 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Bhí plé gineáralta ann faoin phróiseas agus cad a ba cheart a bheith mar ábhar scéimeanna.

D'fhág Á. Andrews, M. Mac Ruairí, E. Mac Cormaic, C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Gabhadh buíochas leis an fheidhmeannas as an obair a rinne siad chun an dréachtphlean forfheidhmithe a chur le chéile. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur aontaíodh ag an choiste go mbeadh critéar láidir Gaeilge i gceist sna scéimeanna a fhógrófar. Chuir sé in iúl gur moladh ag cruinniú leis na Ranna go mbunófaí Coiste Comhairleach ar a mbeadh ionadaithe ó na Ranna, Foras na Gaeilge agus na heagrais bhunmhaoinithe.
D'fhill Á. Andrews, M. Mac Ruairí, E. Mac Cormaic, C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.

Dréachtphlean Gnó 2011
Cuireadh in iúl go raibh an Dréachtphlean Gnó le cur faoi bhráid na Ranna go luath. Mhol Á. Andrews go gcuirfí 'múineadh na Gaeilge mar ábhar sna scoileanna Béarla' san áireamh mar eochairsprioc ar leathanach 11. Aontaíodh go gcuirfí an Dréachtphlean Gnó ar aghaidh chuig na Ranna ach go gcuirfí nóta leis ag cur in iúl go mbeadh athruithe eile le déanamh ag an Bhord air.

Plean Corparáideach 2011-2013
Bhí plé ar an Phlean Corparáideach. D'ardaigh Á. Andrews roinnt ceisteanna agus aontaíodh go gcuirfeadh sí i scríbhinn chuig an Choiste Forbartha iad. Aontaíodh go gcuirfeadh Comhaltaí moltaí faoin Phlean Corparáideach isteach chuig an Choiste Forbartha roimh an Aoine 1 Deireadh Fómhair.

08.89 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 LÚNASA 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2010.

09.89 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

10.89 CEAPADH COMHAIRLEORA CAIDRIMH PHOIBLÍ
Ghlac an Bord leis an mholadh conradh nua bliana a thairiscint do Stillwater Communications le seirbhís caidrimh phoiblí a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge don tréimhse 1 Samhain 2010 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2011. (Aguisín 3)

11.89 CEAPADH ÁISÍNEACHTA LE TACAÍOCHT A THABHAIRT I GCOMHAIR FORBAIRT INNEACHAR AGUS SEIRBHÍSÍ AR LÍNE
Ghlac an Bord leis an mholadh conradh nua bliana a thairiscint do MediaOne chun tacaíocht a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge i gcomhair forbairt inneachair agus seirbhísí ar líne don tréimhse 1 Samhain 2010 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2011 (Aguisín 4)

12.89 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

1. Go raibh glactha ag M. Nic Mheanman le post mar Phríomhthéarmeolaí, go raibh na hagallaimh do na poist mar Eagarthóir Cúnta (4) agus Téarmeolaí Cúnta socraithe agus go raibh gearrliostáil agus agallaimh á socrú do na poist eile.

2. Go raibh an oifig anois oscailte i nGaoth Dobhair agus go raibh sé suite sa Chrannóg sna Doirí Beaga.

3. Go raibh an t-iniúchadh suímh ar siúl ag an Ard Reachtaire ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009.

4. Go raibh cruinniú leis an Chomhrúnaíocht ar an Aoine 17 Meán Fómhair 2010 maidir leis an chruinniú CATT – beidh an cruinniú ann ar 03 Samhain 2010 ag 10.00 in Ard Mhacha agus beidh cur i láthair le déanamh ar an Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge agus an obair atá ar siúl ar na hiontrálacha.

5. Go raibh poist an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge faofa agus fógartha – 3 Eagarthóir, 3 Aistritheoir agus 2 Oifigeach Cléireachais.

6. Go raibh cruinniú leis an RGPC&G agus an RCEF ar an Aoine 17 Meán Fómhair 2010 in Ard Mhacha. Ag an chruinniú sin cuireadh in iúl:

    - Go raibh aighneacht faoin Mheamram Airgeadais curtha faoi bhráid na Ranna Airgeadais ag RCEF ina moltar go gcuirfeadh Foras na Gaeilge gach cáipéisíocht a éilíonn RCEF chucu i mBéarla.
    - Tá aighneacht faoin Mheamram Airgeadais le seoladh chuig na Ranna ag Foras na Gaeilge chomh luath agus is féidir agus aighneacht aontaithe idir na Ranna le cur chuig na Ranna Airgeadais.
    - Go raibh an Plean Gnó agus Buiséad do 2010 aontaithe idir na Ranna agus gurb é buiséad na bliana ná figiúirí táscacha 2009 lúide 6%.
    - Go raibh RCEF ag plé maidir le ciorruithe móra a chur i bhfeidhm sna blianta beaga romhainn. Tá siad ag iarraidh ar an Fhoras na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid de chiorruithe ar imeachtaí Fhoras na Gaeilge a chur in iúl.
    - Go raibh leagan amach nua don Chlár Rioscaí aontaithe idir na ranna agus le húsáid as seo amach.
    - Go raibh na Ranna míshásta maidir le cuid de na rioscaí ar an Chlár Riosca.

7. Gur sheol an tAire P. Carey, T.D. “Siollabas Nua don Dara Bliain Ollscoile” ullmhaithe ag an Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ag an 3ú Leibhéal agus maoinithe ag Foras na Gaeilge, Dé Luain 06 Meán Fómhair 2010. Tá an siollabas, mar aon le siollabas bhliain 1, le fáil ar líne ag www.teagascnagaeilge.ie

13.89 COMHFHREAGRAS
Ghlac an Bord leis an mholadh síneadh ama bliana go 06 Eanáir 2011 a chur leis an chonradh reatha dar luach £15,796 maidir le craoladh TG4 ó thuaidh.
Scaipeadh cóip de litir a tháinig ón Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta maidir le Buiséad 2010 agus ‘scenario planning’.

14.89 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2010
Thug an Bord suntas don uasdátú ar an Phlean Gnó.

15.89 AON GHNÓ EILE
Cuireadh in iúl go raibh cruinniú den Fhoras Teanga le bheith ann i mí na Samhna nó mí na Nollag agus aontaíodh go dtabharfaí cuireadh don Aire P. Carey, T.D. freastal ar an chruinniú.
Socraíodh go ndéanfadh an feidhmeannas fiosrú maidir le bronnadh an Fhorais ar Mhícheál Ó Muircheartaigh agus é ag éirí as an gcraoltóireacht tar éis seasca bliain.

07.89 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (sa chathaoir), L. Kennedy, L. Bhreatnach, M. Mac Ruairí, A. Andrews, S. Breathnach, P. Ó Gallchóir, D. Ó Murchú, E. Mac Cormaic, M. Nic Giolla Mhichíl, É. Kinch, C. Nic Pháidín.

Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 1.15pm.
Socraíodh go nglacfadh C. Nic Pháidín na miontuairiscí.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

1. Tuairisc ón gCoiste Iniúchta.
Thug E. Mac Cormaic an tuairisc. Bhí iniúchóir inmheánach nua i láthair ag an chruinniú ar 23/09/10.
Glacadh leis an tuairisc. Moltóir: D. Ó Murchú; Cuiditheoir: L. Bhreatnach.

2. Leasú molta ar mhiontuairisc chruinnithe 24/06/10
Moladh go leasófaí an mhiontuairisc ag tagairt do luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh chun go luafaí 8% mar laghdú (seachas 10%) chun go mbeadh sé de réir na ngiorruithe pá sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne, mar a bhí beartaithe an chéad lá.
Glacadh leis an mholadh. Moltóir: D. Ó Murchú; Cuiditheoir: P. Ó Gallchóir.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Chuir sé [An Cathaoirleach] in iúl go mbeadh sé féin móide É. Kinch, M. Nic Giolla Mhichíl, E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag fágáil an chruinnithe ag an bpointe sin, de réir chomhairle dlí, agus socraíodh go mbeadh S. Breathnach ina chathaoirleach ina dhiaidh sin.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

5. Iarradh ar Chathaoirleach an Bhoird (L. Ó Maolmhichíl) teacht ar ais chun cúpla pointe faoin bpróiseas a mhíniú. Tháinig sé i láthair i dteannta na ndaoine eile a d'imigh amach roimhe sin, agus rinne sé soiléiriú ar an gceist. D'imigh sé amach arís i dteannta na ndaoine eile thuasluaite.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí deireadh leis an seisiún ar 4.40p.m.

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
29 Deireadh Fómhair 2010

Aguisín 1

Leasuithe buiséad – Clár na Leabhar Gaeilge

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2009 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €1,000.

Scéim na gCoimisiún	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2009	CLG08153	Coiscéim (N. Uí Mhaolaoi)	1,000
		Iomlán	**1,000**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2010 atá faoi láthair i mbuiséad 2011 le cur le buiséad 2010 mar go mbeidh níos mó dul chun cinn déanta leis na saothair seo anois ná mar a bhí measta. An t-iomlán atá i gceist ná €9,200.

Scéim na gCoimisiún	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2010	CNLG10045	Maidhc Dainín Ó Sé	2,800
2010	CLG10051	Brian Ó Baoill	1,000
2010	CNLG10055	Collette Nic Aoidh	2,400
2010	CNLG10066	Seán Mac Mathúna	1,400
2010	CLG10058	Antaine Ó Donnaile	1,600
		Iomlán	**9,200**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2010 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €1,400.

Scéim na gCoimisiún	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2010	CNLG10057	Simon Ó Faoláin	1,400
		Iomlán	**1,400**

Tá na suimeanna seo a leanas do Scéim na nOidí 2009 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le díscríobh mar nach ndéanfar éileamh ina leith anois. An t-iomlán atá i gceist ná €454.45

Scéim na nOidí	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2009	CLG08187	Cathal Ó Searcaigh	350.00
2009	CLG08180	Ré Ó Laighléis	104.45
		Iomlán	**454.45**

Aguisín 2

FNBG – MOLADH Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA MAIDIR LE PLEAN LEASAITHE, 31 LÚNASA 2010 (lgn 0.7)

A. Réamhrá

Agus an faomhadh faighte anois maidir leis na poist lánaimseartha ar conradh atá ag teastáil chun an Foclóir a chur i gcrích, tá athbhreithniú cuimsitheach á dhéanamh ar an bplean tionscadail. Is gá na spriocanna a chur in oiriúint do na hacmhainní foirne agus ama chun an toradh is fearr a bhaint amach sa dá bhliain atá fágtha. Meastar go mbeidh na baill foirne nua earcaithe agus oilte faoi thús na bliana seo chugainn. Faoi dheireadh 2010 áfach beidh 94 daonmhí oibre caillte ag an tionscadal agus ina fhianaise sin is gá na bunspriocanna a athbhreithniú,,bunsprioc 40,000 ceannfhocal san áireamh, réidh le foilsiú i bhfoclóir cló.

Tá mórathruithe eile tarlaithe i dtionscal domhanda na foclóireachta maidir le forbairt acmhainní leictreonacha, áfach, agus tá na deiseanna sin tugtha san áireamh sa phlean leasaithe a mholtar thíos.

B. Príomh-mholtaí an phlean leasaithe

Is iad seo a leanas príomh-mholtaí an phlean leasaithe:

1. **Tús áite a thabhairt do leagan leictreonach ar-líne den Fhoclóir a fhoilsiú.**
   Bheadh na buntáistí seo a leanas ag gabháil leis an gcur chuige seo:

   (a) Níos lú eagarthóireachta: níos mó spáis = níos lú roghanna le déanamh;
   (b) Is féidir breis ábhair, leasuithe agus rialacha an Chaighdeáin Athbhreithnithe a chur isteach de réir a chéile;
   (c) D'fhéadfaí promhadh/aiseolas úsáideach a bhailiú ón bpobal a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm sa leagan clóite;

   Tús áite a thabhairt do na ceannfhocail sin ar féidir leis an fhoireann reatha iad a chur i gcrích.
   Is éard atá i gceist leis seo ná an 6,000 ceannfhocal is airde minicíocht sa Bhéarla. Clúdaíonn an 6,000 cheannfhocal seo 90% den ghnáthchumarsáid sa Bhéarla, i.e. is dócha go mbeidh 90% de chuardaigh san Fhoclóir Nua dírithe ar na ceannfhocail sin. Níor mhiste a lua leis go mbeidh an cumhdach de na ceannfhocail sin i bhfad níos cuimsithí ná mar atá le fáil in EID (Foclóir de Bhaldraithe).
   Cé nach bhfuil ach 15% den bhunsprioc de 40,000 ceannfhocal i gceist leis seo, clúdófar 26% d'aonaid chéille na gceannfhocal Béarla (féach an t-Aguisín i mír D thíos).

2. **Na ceannfhocail eile (as Aicme B agus Aicme C) a aistriú ina mórghrúpaí, de réir mar a chuirfear breis acmhainní ar fáil don tionscadal (féach mír C.1 thíos anseo).**

   Méadófar líon na gceannfhocal a bheidh mar sprioc don leagan leictreonach de réir a chéile, agus de réir mar a chuirfear acmhainní breise ar fáil don tionscadal. Má líontar na poist uile atá luaite leis an bhFoclóir agus más féidir triúr ón mbabhta earcaíochta atá idir lámha maidir leis an oifig i nGaoth Dobhair a chur i

dtreo an tionscadail, meastar go bhféadfaí suas go dtí 75% de na haonaid chéille a chlúdach sa leagan leictreonach.

C. Beachtú na spriocanna

1. Méid an Fhoclóra

Tá an líon ábhar ar féidir a chur san Fhoclóir ag brath ar na gnéithe seo a leanas go príomha:

(i) Tríur as an mbabhta earcaíochta reatha don oifig i nGaoth Dobhair a chur i dtreo an Fhoclóra – beidh na hagallaimh á reáchtáil ar 23 M. Fómhair;
(ii) An t-ochtar poist atá nasctha go sonrach leis an bhFoclóir a líonadh – 17 M. Fómhair an spriocdháta i leith na n-iarratas;
(iii) An líon ama ar féidir leis na haistritheoirí páirtaimseartha a chur ar fáil don Fhoclóir – é seo fós le beachtú maidir le roinnt aistritheoirí, faoi 30 M. Fómhair.
(iv) Dréachtadh & tástáil na bpróiseas eagarthóireachta, sa chéad ráithe de 2011.

Ta dréachtphlean le garmheastachán ar spriocanna leasaithe an tionscadail á ullmhú; cuirfear é seo faoi bhráid an Bhoird i mí Samhna, agus déanfar na spriocanna a bheachtú de réir a chéile idir an dáta sin agus Aibreán 2011.

Is iad seo a leanas na príomhchlocha míle a bheas luaite leis an bplean leasaithe:

30 Meán Fómhair 2010	Léirithe spéise a lorg ó sholáthróirí don Leagan Leictreonach
Eanáir 2011	Tús a chur le Céim 2c (céim na hEagarthóireachta)
Eanáir – Márta 2011	Na poist lánaimseartha a bheith chomhlánaithe
Aibreán 2011	Tairiscintí deiridh a lorg ó sholáthróirí don Leagan Leictreonach
Mean Fómhair 2011	An Leagan Leictreonach seachadta ag an soláthróir chuig an bhForas
Meitheamh 2012	Leagan píolótach den Leagan Leictreonach a chur ar fáil

2. An Leagan Clóite

Más féidir an chead cuí a fháil, beifear ag díriú ar an leagan clóite a ullmhú le linn 2013 (agus breis ábhar a chur leis an leagan leictreonach sa tréimhse céanna). Is laistigh den bhuiséad reatha a chuirfí an obair sin i gcrích, agus tá na spriocdhátaí fós le beachtú.

D. Aguisín – Ceannfhocail *vs* Aonaid Chéille

Tá sé níos cirte méid an Fhoclóra Nua a thomhais ina aonaid chéille seachas ina cheannfhocail, toisc an difear mór idir líon na n-aonad céille atá ag gabháil le gach ceannfhocal.

Mar shampla, tá 77 aonad céille sa cheannfhocal ***face***, atá ina ainmfhocal agus ina bhriathar, agus a bhfuil an iomaí comhfhocal agus frása ag gabháil leis; ar an láimh eile, níl ach 3 aonad céille ag an ceannfhocail ***facet***. Dá bhri sin is é an rud is tábhachtaí san Fhoclóir Nua ná go mbeidh cumhdach cuimsitheach ach go háirithe ar na ceannfhocail is casta agus is airde minicíochta sa Bhéarla ann, seachas go gcuirfí an t-uasmhéid ceannfhocal leis. Is ag tagairt do líon na n-aonad céille a thomhaisfear dul chun cinn an Fhoclóra amach anseo.

Déanfar an difear idir na ceannfhocail agus na haonaid chéille a shoiléiriú a thuilleadh ag an gcur i láthair a dhéanfar don Bhord i mí Dheireadh Fómhair (má ghlactar leis an moladh maidir leis an gcur i láthair sin).

Aguisín 3
Foras na Gaeilge **Cruinniú Boird: 24 Meán Fómhair 2010**
Mír: 8

Ceapadh Comhairleora Caidrimh Phoiblí

Beidh an conradh idir Foras na Gaeilge agus Stillwater Communications chun seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar d'Fhoras na Gaeilge istigh ar 31 Deireadh Fómhair 2010.
Lorg Foras na Gaeilge tairiscintí poiblí, sa ghnáthbhealach tríd an láithreán ghréasáin E-Tenders in 2009 agus fuarthas cúig iarratas.
Rinneadh measúnú ar na hiarratais i gcomhar le comhairleoir seachtrach agus cuireadh agallamh ar trí cinn.
Ar an mbonn gur ritheadh comórtas in 2009 moltar bliain eile a thairiscint do Stillwater Communications.
Beidh an comhairleoir caidrimh phoiblí ag cur comhairle agus áiseanna cumarsáide ar fáil do ghníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge (e.g. seoltaí, bronntaí maoinithe, cruinnithe boird 7rl.), agus polasaithe Fhoras na Gaeilge ar cheisteanna éagsúla (e.g. pobal, gnó, oideachas, óige, na healaíona, an earnáil phoiblí 7rl.) a chur chun cinn, lena n-áirítear

- taighde, cumadh, aistriúchán agus dáileadh preaseisiúintí
- monatóireacht na meán agus bainistíocht mearfhreagartha
- comhairle ar gach gné de chaidreamh poiblí nuair a theastaíonn sin

Is seirbhís riachtanach é seo d'Fhoras na Gaeilge go dtí go líonfar an post mar Bhainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta.

<u>Moladh</u>

Moltar conradh bliana eile a thairiscint do Stillwater Communications don tréimhse 1 Samhain 2010 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2011.Tá briseadh síos ar chostas an chonartha sin thíos;

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Mír 9 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Costas iomlán don bhliain	**€87,120**
Costas 2010	**€14,520**
Costas 2011	**€72,600**

Aguisín 4
Foras na Gaeilge **Cruinniú Boird: 24 Meán Fómhair 2010**
Mír: 9

Ceapadh áisíneachta le tacaíocht a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge i gcomhair forbairt inneachair agus seirbhísí ar líne.

Beidh an Conradh idir Foras na Gaeilge agus MediaOne chun tacaíocht a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge i gcomhair forbairt inneachair agus seirbhísí ar líne istigh ar 31 Deireadh Fómhair 2010.
Lorg Foras na Gaeilge tairiscintí poiblí, sa ghnáth bhealach tríd an láithreán ghréasáin E-Tenders in 2009 agus faoin spriocdháta ar 2 Deireadh Fómhair fuarthas iarratas amháin ón gcomhlacht MediaOne.
Rinneadh measúnú ar an iarratas i gcomhair le comhairleoir seachtrach.
Tá an áisíneacht ag tabhairt tacaíocht d'Fhoras na Gaeilge sna réimsí seo a leanas:

- Riarachán ó lá go lá i ngach tionscnamh bunaithe ar an nGréasán de chuid Fhoras na Gaeilge
- Forbairt inneachair dhátheangaigh do thionscnaimh bunaithe ar an nGréasán de chuid Fhoras na Gaeilge
- Teagmháil le ranna uile Fhoras na Gaeilge maidir le forbairt inneachair chuí
- Teagmháil le grúpaí agus eagraíochtaí maoinithe Fhoras na Gaeilge le cinntiú go bhfuil a n-inneachar siúd chun dáta agus ábhartha
- Teagmháil le haon tríú páirtí agus pháirtí leasmhar eile le cinntiú go bhfuil an t-inneachar go léir chun dáta agus ábharach
- Anailís, cur i láthair agus forbairt tionscnaimh fhéideartha bunaithe ar an nGréasán
- Cuidiú le forbairt straitéisí ar líne

Is seirbhís riachtanach é seo d'Fhoras na Gaeilge agus tá an post san áireamh san aighneacht maidir le breis foirne atá leis na ranna faoi láthair.

<u>Moladh</u>

Moltar conradh nua bliana a thairiscint do MediaOne don tréimhse 1 Samhain 2010 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2011. Tá briseadh síos ar chostas an chonartha sin thíos;

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Mír 9 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Costas Iomlán	**€63,283.00**
Costas 2010	**€10,547.17**
Costas 2011	**€52,735.83**

Miontuairiscí ón 90ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 29 Deireadh Fómhair 2010 san Óstán Brehon, Cill Airne, Co. Chiarraí.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, Á. Andrews, L. Bhreatnach, M. Mac Ruairí, A. Nic Chárthaigh, S. Breathnach agus P. Ó Biadha.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: D. Ó Béarra agus L. Kennedy.
N. Ní Ógáin

01.90 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Miontuairiscí 09 Iúil 2010

Bhí plé ar na miontuairiscí den 9 Iúil 2010 agus aontaíodh go leasófaí iad le cur in iúl gur fhág L. Ó Maolmhichíl, M. Nic Giolla Mhichíl, A. Nic Chárthaigh agus E. Mac Cormaic an cruinniú 'ar chomhairle dlíodóra' agus ní 'de bharr baol ar choimhlint leasa'. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Miontuairiscí 30 Iúil 2010

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí den 30 Iúil 2010 nár glacadh leo faoi mhír 01.89 ag an chruinniú ar 23 Meán Fómhair agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Miontuairiscí 23 agus 24 Meán Fómhair

Bhí plé ar na miontuairiscí den 23 agus 24 Meán Fómhair 2010 agus aontaíodh go bpléifí na miontuairiscí ón seisiún gan feidhmeannas níos moille sa chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Aontaíodh go leasófaí an tagairt i bpointe 6 de na miontuairiscí den seisiún gan feidhmeannas ó 'ina ráiteas' go 'ina ráitis'. D'iarr P. Ó Gallchóir chomh maith go nótálfaí faoi mhír 6 07.89 sna miontuairiscí a mhíshástacht nár pléadh na cáipéisí uile a bhí faoi bhráid le plé.

Aontaíodh na miontuairiscí faoi mhír 03.89 faoin Phlean Corparáideach a athrú go:

> 'D'ardaigh Áine Andrews roinnt ceisteanna. Ina measc, léirigh sí gur easaontaigh sí go láidir leis an anailís a rinneadh ar dhifríochtaí cúinsí teanga sa dá dhlínse. Chuir sí in iúl nárbh fhéidir léi tacaíocht a thabhairt don Phlean mar a sheas sé. Aontaíodh go gcuirfeadh sí míniú ar a dearcadh i scríbhinn chuig an Choiste Forbartha.'

Aontaíodh go n-amharcfaí ar cheisteanna maidir le cleachtais i leith tuairimí aonair a nótáil sna miontuairiscí ag an chruinniú Boird Nollaig nó Eanáir.

D'fhág A. Nic Chárthaigh an cruinniú.

Cuireadh in iúl go raibh gearrliostáil le déanamh do phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de sheachtain. Aontaíodh go ndéanfadh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach fiosrú maidir le heolas a thabhairt faoi dhéanmhas Bord Agallaimh. Aontaíodh go ndéanfaí fiosrú faoin chruinniú Boird i mí na Nollag bheith i Stormont.

-

02.90 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

D'fhág Á. Andrews an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Aontaíodh go gcuirfí clár choimhlint leasa leis na moltaí ó Choiste na nDeontas sa leabhrán feasta. Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim Phobail Gaeilge 2011-2013 **(Aguisín 1)**.

D'fhág A. Nic Chárthaigh, C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Ainm	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	**Méid molta**
An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal faoi chúram Choláiste Phádraig, Droim Conrach	1001157	€65,000	**€65,000**

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €65,000 a chur ar fáil don Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal faoi chúram Choláiste Phádraig, Droim Conrach. (€43,333 i 2011 agus €21,667 i 2012)

D'fhág M. Mac Ruairí agus E. Mac Cormaic an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Ghlac an Bord le leasuithe ar mhíreanna caiteachais de bhuiséad Fhorbairt Naíonraí Teo. €1,093,077.

D'fhill Á. Andrews, C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl, M. Mac Ruairí agus E. Mac Cormaic ag an phointe seo.

Tháinig D. Davitt, Clárbhainisteoir, An Earnáil Phoiblí agus na hEalaíona i láthair an chruinnithe agus bhí plé ann ar an iarratas ó Ghaelchultúr. Aontaíodh go gcuirfí suim nach mó na €46,000 ar fáil do Ghaelchultúr do tháillí le haghaidh ábhar teagaisc a fhorbairt. Aontaíodh go n-ullmhófaí scéim trí bliana maidir le seirbhísí a sholáthar don earnáil phoiblí agus go mbeadh aon ábhar a d'ullmhófaí mar thoradh ar an scéim le roinnt ar eagraíochtaí eile a dhéanann an obair sa réimse céanna.

D'fhill A. Nic Chárthaigh ag an phointe seo.

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais ó Altram agus Gaelscoileanna Teo. Ghlac an Bord leis an leasú buiséid agus athruithe pleananna ó Chlár na Leabhar Gaeilge.**(Aguisín 2)**

03.90 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú don Bhord. D'ardaigh Á. Andrews ceist faoin Phlean Corparáideach agus an cháipéis a chuir sí chuig an Choiste Forbartha maidir leis na cúinsí éagsúla teanga sa dá dhlínse. Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl gur phléigh an Coiste an cháipéis ach gur sheas an Plean Corparáideach mar a bhí. D'iarr Á. Andrews go nótálfaí nach raibh sí sásta tacú leis an Phlean Corparáideach da bhrí sin.

Bhí plé faoi nithe a bhí le bheith faoi bhráid cruinniú den Chomhairle Aireachta Tthuaidh/Theas ar 03 Samhain. Aontaíodh go labharfadh an Príomhfheidhmeannach leis na Ranna Urraíochta faoi thoradh an phlé.

04.90 TUAIRISC Ó CHOMHCHOISTE CHOLMCILLE

Nótáil an Bord na deontais a ceadaíodh ag Comhchoiste Cholmcille ar 20 agus 21 Deireadh Fómhair 2010. Ghlac an Bord leis an chead tairmligthe do Cholmcille a d'aontaigh an Comhchoiste ar 20 agus 21 Deireadh Fómhair 2010. **(Aguisín 3)**

Pléadh an t-iarratas Bridging the Gap. Aontaíodh go bpléifí an t-iarratas arís.

05.90 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEÁN FÓMHAIR 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010
Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2010.

06.90 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

07.90 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ar an Bhord inar chuir sé in iúl:

1. Go raibh glactha ag na daoine a leanas le post:
   Dr. Pádraig Ó Mianáin: Eagarthóir Foclóireachta,
   Aodh Ó Gallchóir: Eagarthóir Cúnta,
   Jennifer Ní Chumhaill: Téarmeolaí Cúnta,
   Go raibh tairiscint déanta le haghaidh:
   Eagarthóir Cúnta x 2
   Gur dhiúltaigh an t-iarrthóir rathúil don phost ar chonradh mar Eagarthóir Cúnta
   Go raibh gearrliostú agus agallaimh á socrú do na poist eile:
   Leas-Phríomhfheidhmeannach, Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Feidhmiúcháin, Fáilteoir agus Rúnaí (BF).

2. Go raibh na hagallaimh á socrú do phoist an fhoclóra – 3 Eagarthóir, 3 Aistritheoir.

3. Go raibh an tAire Carey leis na teastais a bhronnadh ar na hiarrthóirí rathúla faoin scéim chreidiúnaithe d'aistritheoirí.

4. Go raibh Ráitis Airgeadais 2007 Bhord na hUltaise faighte agus go raibh cead ón C&AG iad a chomhdhlúthú le Ráitis Airgeadais Fhoras na Gaeilge.

08.90 COMHFHREAGRAS
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

09.90 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2010
Thug an Bord suntas don uasdátú ar an Phlean Gnó.

10.90 AON GHNÓ EILE
Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh dátaí na gcruinnithe Boird do 2011 ar fáil ag an chéad chruinniú Boird eile**.**

11.90 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.
Miontuairiscí
Socraíodh go nglacfadh M. Nic Giolla Mhichíl na miontuairiscí, molta ag L. Ó Maolmhichíl, cuidithe ag D. Ó Murchú

Mhol D. Ó Murchú na miontuairiscí ón seisiún gan feidhmeannas den Bhord den 24 Meán Fómhair agus chuidigh L. Bhreatnach leis an mholadh. Glacadh leis na miontuairiscí.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
19 Samhain 2010

Aguisín 1 **Scéim Phobail Gaeilge 2011 – 2013**

Iarratasóirí Rathúla:

Iarratasóir	2010	2011	2012	2013		IOMLÁN
	€	€	€	€		€
Muintir Chrónáin Teo	1,000.00	73,789.00	76,077.00	78,421.00		229,287
Gaeilge Locha Riach	1,000.00	73,124.00	74,913.00	76,754.00		225,791
Glór Cheatharlach	1,000.00	53,132.00	54,421.00	55,748.00		164,301
Cumann Gaelach na hEaglaise	1,000.00	46,474.00	48,584.00	51,924.00		147,982
An Clár as Gaeilge Teo	1,000.00	65,674.00	67,377.00	69,123.00		203,174
Gaelfhorbairt na Gaillimhe	1,000.00	59,234.00	60,320.00	62,250.00		182,804
Craobh an Aonaigh, C na G	1,000.00	57,474.00	56,808.00	58,173.00		173,455
Coiste Dúiche Mhaigh Eo, C na G	1,000.00	63,074.00	64,140.00	66,043.00		194,257
	8,000.00	**491,975.00**	**502,640.00**	**518,436.00**	**0.00**	**1,521,051.00**

	£	£	£	£		£
An Droichead Teo	800.00	66,131.00	67,250.00	68,194.00		202,375
Cumann Cultúrtha Mhic Reachainn	800.00	68,700.00	69,501.00	70,030.00		209,031
Boirche Íochtar CnaG	800.00	39,322.00	38,497.00	39,700.00		118,319
Ionad Uíbh Eachach	800.00	40,778.00	41,247.00	41,840.00		124,665
Coiste Forbartha Charn Tóchair	800.00	66,588.00	65,173.00	66,242.00		198,803
Cairde Teo	800.00	56,315.00	55,354.00	56,403.00		168,872
Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin	800.00	54,688.00	56,996.00	58,008.00		170,492

Cairde Uí Néill	800.00	51,473.00	49,362.00	50,675.00		152,310
Glór na nGael, Uachtar Tíre	800.00	47,878.00	45,864.00	49,359.00		143,901
Glór na Móna	800.00	49,953.00	50,392.00	51,355.00		152,500
Croí Éanna	800.00	52,509.00	51,188.00	52,071.00		156,568
	8,800.00	**594,335.00**	**590,824.00**	**603,877.00**	**-**	**1,797,836.00**

Aguisín 2

Leasuithe buiséad – Clár na Leabhar Gaeilge

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2010 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €3,200.

Scéim na gCoimisiún	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2010	CLG10026	Anna Heusaff	3,200
		Iomlán	**3,200**

Díscríobh:
Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na nOidí 2009 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le díscríobh mar nach ndéanfar éileamh ina leith anois. An t-iomlán atá i gceist ná €160.25.

Scéim na nOidí	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2009	CLG08185	Dermot Somers	160.25
		Iomlán	**160.25**

Ag cruinniú de Bhord Fhoras na Gaeilge ar 24/6/10, ceadaíodh €16,975 don tionscadal litríochta An Scríobhlann. Tá an tsuim seo a leanas a bhaineann leis an tionscadal seo le díscríobh mar nach gcaithfear anois é. An t-iomlán atá i gceist ná €600.00

An Scríobhlann	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2010	5505001	An Scríobhlann	600.00
		Iomlán	**600.00**

Aguisín 3

Tuairisc ó Chomhchoiste Cholmcille

Bhí cruinniú ag Comhchoiste Cholmcille ar 20 agus 21 Deireadh Fómhair 2010.

Pléadh agus aontaíodh na hiarratais a leanas:
CC2010/0051
Fèis an Earraich – Turas ar Fhéile Píobaireachta William Kennedy - **£2,500**

CC2010/0050
Gàidhlig ann an Èirinn – Imeacht dátheangach ag Oireachtas na Gaeilge **- €2,300**

CC2010/0049
Ceòl 's Craic – Ceardlanna agus seóanna ag féile Celtic Connections 2011 - £2,500

CC2010/0043
Cló Ollscoil na Banríona – leis na páipéir ag Queens University 2008 Language & Politics Symposium a fhoilsiú **- £3,000**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 2 Míreanna 9 agus 10 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Cead tairmligthe:
Aontaíodh na teorainneacha a leanas:

i. An Stiúrthóir nó an Clárbhainisteoir i bhForas na Gaeilge atá ag plé le Colmcille i bpáirt leis an Stiúrthóir i mBòrd na Gàidhlig suas go £2,500 / €3,000
ii. Comhchoiste Cholmcille suas go £5,000 / €6,000
iii. Caithfidh aon iarratas os a chionn sin dul chuig an dá Bhord mar aon le; aon iarratas gur mhaith leis an Chomhchoiste agus/nó an SSF agus an LCC a chur chuig na Boird, agus, aon iarratas a thabharfadh méid iarrtha in aon bhliain amháin thar an £5,000 / €6,000 ag Bòrd na Gàidhlig.

Miontuairiscí ón 91ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 19 Samhain 2010 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, Á. Andrews, L. Bhreatnach, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, P. Ó Biadha, D. Ó Béarra agus L. Kennedy.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: A. Nic Chárthaigh
M. Ó Ríordáin.

01.91 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Aontaíodh go bpléifí na miontuairiscí níos moille sa chruinniú ag an seisiún gan feidhmeannas.

02.91 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS
Ghlac an Bord leis na moltaí maidir leis an Chiste Forbartha Naíscolaíochta 2009-2012 (Uimhir thagartha 0901621):
Gan an leasú maidir le naíscoileanna a mhalartú (i. ó NS Dhroichead na Banna go NS Cholmcille) a cheadú.
Gur cheart d'Iontaobhas na Gaelscolaíochta iarratas nua a chomhlánú do Naíscoil Cholmcille más mian leo maoiniú a lorg ina leith.
Gan an leasú buiséid do NS Chill Locha a cheadú ach a chur in iúl go seasann an bunthairiscint do NS Chill Locha go fóill.
Go n-íocfar an £13,617 a íocadh i leith NS Dhroichead na Banna (Iúil 2010) ar ais le Foras na Gaeilge.
Díscríobh a dhéanamh ar an £25,850 (2011) agus £17,233 (2012) a ceadaíodh do NS Dhroichead na Banna ar 16 Deireadh Fómhair 2009.

Ghlac an Bord leis an leasú buiséid ó Phreas Ultach maidir le Bain Triail As agus Ar Ais Arís.

Bliain	**Ceadaithe 19/09/08 £**	**Leasú Ceadaithe 20/11/09 £**	**Leasú Iarrtha 22/10/10 £**
2008	16,290	16,290	16,290
2009	14,188	10,000	10,000
2010		4,188	0
2011			4,118
Iomlán	**30,478**	**30,478**	**30,478**

Ghlac an Bord leis an leasú buiséid ó Choláiste na Tríonóide maidir le Cabógaí II

2011				€ 36,000.00
Iomlán	**€338,194.00**	**€338,194.00**	**€338,194.00**	**€338,194.00**

	Deontas Ceadaithe Nollaig 2007	Próifíl Ceadaithe Meán Fómhair 2008	Proifíl Ceadaithe Feabhra 2010	Proifíl Leasaithe Iarrtha Deireadh Fómhair 2010
2008	€108,416.00	€ 78,416.00	€ 78,416.00	€ 78,416.00
2009	€112,675.00	€127,675.00	€110,319.25	€110,319.25
2010	€117,103.00	€132,103.00	€149,458.75	€113,458.75
2011				€ 36,000.00
Iomlán	**€338,194.00**	**€338,194.00**	**€338,194.00**	**€338,194.00**

D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Ghlac an Bord leis na leasuithe buiséid ó Chlár na Leabhar Gaeilge agus tugadh suntas don nóta eolais maidir le hathruithe pleananna **(Aguisín 1)**.
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

03.91 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Scaipeadh cóip de 'Foras na Gaeilge Savings Delivery Plan Summary' a bhí faighte ón RCEF. Aontaíodh go gcuirfeadh an feidhmeannas freagra ginearálta ar ais ina leith.

04.91 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ
D'fhág E. Mac Cormaic an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Scaipeadh tuairisc ón Choiste ar na comhaltaí ag cur síos ar thuairiscí a fuair an Coiste maidir le Gaelscéal, www.beo.ie Comhar agus an dul chun cinn maidir le "Straiteis d'earnáil na meán Gaeilge" a ullmhú. Cuireadh in iúl go raibh D. Ó Béarra i ndiaidh éirí as an Choiste Nuachtán agus Irisí.
D'fhill E. Mac Cormaic ag an phointe seo.

05.91 TUAIRISC Ó CHOMHCHOISTE CHOLMCILLE
Aontaíodh go gcuirfí an t-iarratas 'Bridging the Gap' chuig Coiste na nDeontas.

06.91 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA
D'fhág L. Ó Maolmhichíl an cruinniú ag an phointe seo agus chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir. Thug an Bord suntas don Achoimre Thréimhsiúil agus Próifíl Caiteachais 2010 - 2012 agus ghlac siad leis an mholadh suim nach mó ná €18,209 a íoc le LexMC le hobair bhreise a dhéanamh ar cheannfhocail Mheiriceánacha, téarmaí teicniúla, iontrálacha ciclipéideacha agus mionleasuithe ar an suíomh webDante.com.

07.91 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 DEIREADH FÓMHAIR 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010
Tháinig N. Ní Ógáin, Clárbhainisteoir Airgeadais agus Teicneolaíocht na Faisnéise, i láthair an chruinnithe agus bhí plé ar an ráiteas caiteachais. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2010. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.
Nótáladh go raibh Ráitis Airgeadais comhdhlúite an Fhoras Teanga curtha ar aghaidh chuig oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

08.91 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais ar iarratais ar dheontais.

09.91 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
D'fhill L. Ó Maolmhichíl ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.
Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ar an Bhord inar chuir sé in iúl:

5. Go raibh tairiscint déanta do na poist a leanas:
   Foclóir:
   Eagarthóir X 1
   Aistritheoirí X 3
   Oifigigh Cléireachais X 2
   Ceannáras
   Oifigeach Feidhmiúcháin
   Oifigeach Cléireachais
   Chuir sé in iúl chomh maith gur dhiúltaigh iarrthóir rathúil amháin do phost mar Eagarthóir Cúnta i nGaoth Dobhair.

6. Go raibh cruinniú leis an CATT ar 03 Samhain. Ag an chruinniú:
   - Ceadaíodh Plean Gnó agus Buiséad 2010 - €20,643,340,
   - Glacadh leis an cháipéis maidir le ceapadh "Bainisteoir Tionscadail" agus bunú an dá choiste, Coiste Stiúrtha agus Coiste Comhairleach, le plé leis an chuíchóiriú.
   - Nótáladh an staid reatha maidir le tuarascálacha bliantúla.

7. Go raibh cuireadh faighte freastal ar an Choiste CEF ar 25 Samhain in éineacht leis an RCEF.

8. Go raibh an máistir gréasáin imithe agus an post fógartha ag MediaOne.

9. Go raibh comhairleoirí ceaptha le hathbhreithniú a dhéanamh ar ról an Fhorais i seachadadh na seirbhíse dáiliúcháin leabhar mar aon leis na bealaí is éifeachtaí maidir le DVDs a dháileadh.

10. Go raibh na socruithe á ndéanamh maidir le fógairt roinnt scéimeanna do 2011 – Scéim na bhFéilte, Scéim na gComplachtaí Drámaíochta, Scéim na gCampaí Samhraidh, Scéim Óige, an Ghaeilge sa Phobal agus an dá scéim gnó.

11. Go raibh seoladh an Gúm socraithe do 02 Nollaig sa Halla.

Thug an Bord cead Séala an Fhorais a chur ar cháipéisí maidir le muirear a bheith ag Banc na hÉireann, Doire, ar shocmhainní an Ghaelárais i nDoire.

10.91 CONRADH DON BHUNACHAR NÁISIÚNTA TÉARMAÍOCHTA 2011 GO 2014
D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl agus C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Glacadh leis an mholadh suim nach mó ná €891,846 , CBL san áireamh, (€208,655 i 2011, €333,409 i 2012, €285,029 i 2013 agus €64,754 i 2014) a cheadú do Fiontar,

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ó 1 Aibreán 2011 go dtí 31 Márta 2014 le bainistiú, óstáil agus forbairt a dhéanamh ar an Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta.

Aontaíodh go gcuirfí tuairisc scríofa maidir le feidhmiú an chonartha ar fáil don Bhord gach sé mhí feasta.
D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl agus C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

11.91 COMHFHREAGRAS
Scaipeadh cóip de litir a fuair an Cathaoirleach ó Chonradh na Gaeilge dar dáta 15 Samhain maidir le Scéim Phobail Gaeilge 2011-2013. Aontaíodh go n-amharcfadh an feidhmeannas ar na pointí a tógadh sa litir agus go ndéanfaí freagra a dhréachtú.

12.91 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2010
Thug an Bord suntas don uasdátú ar an Phlean Gnó.

13.91 DÁTAÍ LE hAGHAIDH CRUINNITHE BOIRD I 2011
Aontaíodh go n-amharcfadh an feidhmeannas ar na dátaí arís agus go gcuirfí sceideal leasaithe amach chuig na comhaltaí laistigh de sheachtain.

14.91 AON GHNÓ EILE
Aontaíodh go mbeadh cruinniú Boird na Nollag ar siúl san Óstán Europa agus go ndéanfaí bronnadh ar Mhícheál Ó Muircheartaigh ar an lá.
Moladh scríobh chuig an Chomhairle Mhúinteoireachta ag míniú go raibh siollabas nua á fhorbairt don tríú leibhéal ag an Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal.
Ardaíodh ceist faoi chruinniú leis an Aire Carey agus chuir an Cathaoirleach in iúl go gcuirfeadh sé féin ceist arís faoi.
Chuir L. Bhreatnach in iúl gur ardaigh sí ceist faoi chruinniú a lorg le hÚdarás na Gaeltachta agus d'iarr sí go leasófaí na miontuairiscí leis seo a léiriú.

15.91 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Cuireadh in iúl go raibh Iniúchóir nua ceaptha agus gur cuireadh plean iniúchta os comhar an Choiste an oíche roimhe. Cuireadh in iúl go raibh leagan nua den chlár riosca ann agus go mbeadh sé faoi bhráid an Bhoird ag an chruinniú i mí na Nollag.
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.

Mionthuairisc ar sheisiún Gan fheidhmeannas Bord Fhoras na Gaeilge
19 Samhain
I láthair:
S.Breathnach, M.Nic Giolla Mhichíl, L.Breatnach, É.Kinch, L.Ó Maoilmhichíl (Cathaoirleach), D.Ó Murchú, M.Mac Ruairí, E.Mac Cormaic, P.Ó Biadha, C.Nic Pháidín, Á.Andrews, P.Ó Gallchóir

<u>Miontuairiscí Boird 29 Deireadh Fómhair 2010</u>
Socraíodh go nglacfadh M.Nic Giolla Mhichíl na miontuairiscí, molta ag L.Ó Maoilmhichíl agus cuidithe ag E.Mac Cormaic.

Mhol E.Mac Cormaic na miontuairiscí leasaithe den Bhord 29 Deireadh Fómhair 2010 agus chuidigh C.Nic Pháidín leis an moladh. Glacadh leis na miontuairiscí.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

_____

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
17 Nollaig 2010

Aguisín 1

Leasuithe buiséad – Clár na Leabhar Gaeilge

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2010 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €6,600.

Scéim na gCoimisiún	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2010	CLG10087	Alan Desmond	4,000
2010	CLG10091	Comhar	1,000
2010	CLG10058	A. Ó Donnaile	1,600
		Iomlán	**6,600**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2009 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €1,000.

Scéim na gCoimisiún	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2009	CLG08163	Leabhar Breac	1,000
		Iomlán	**1,000**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2008 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €1,000.

Scéim na gCoimisiún	**Uimh thagartha**	**Ainm**	**€**
2008	CLG08033	Coiscéim	1,000
		Iomlán	**1,000**

Miontuairiscí ón 92ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 17 Nollaig 2010 san Óstán Europa, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, Á. Andrews, L. Bhreatnach, S. Breathnach, P. Ó Biadha, D. Ó Béarra agus L. Kennedy.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: A. Nic Chárthaigh, M. Mac Ruairí
J. Ó Labhraí.

01.92 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Bhí plé ar na miontuairiscí. Chuir an Cathaoirleach in iúl nach raibh deis aige labhairt leis an Aire Pat Carey, TD, fós maidir le cruinniú a shocrú. Mhol L. Bhreatnach go ndéanfaí teagmháil le hÚdarás na Gaeltachta chun cruinniú a shocrú agus d'iarr sí go gcuirfí an moladh seo sna miontuairiscí. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.92 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS
D'fhág C. Nic Pháidín, Á. Andrews agus E. Mac Cormaic an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Ghlac an Bord leis an mholadh thíos ó Choiste na nDeontas maidir le maoiniú do na heagrais thíosluaite don tréimhse ó 1 Eanáir go dtí 31 Bealtaine 2011:

Eagraíocht	**Maoiniú molta don tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Bealtaine 2011**
Oireachtas na Gaeilge	€184,480
Raidió na Life	€111,527
Glór na nGael	€296,599
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	€113,022
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	€276,309
Conradh na Gaeilge	€200,896
Raidió Fáilte	£46,730
Iontaobhas Ultach	£95,728
Forbairt Feirste	£49,304
POBAL	£78,877
Comhaltas Uladh	£39,167
Altram	£88,005
FNT	€506,973
An tÁisaonad	£135,033
Comhar na Múinteoirí Gaeilge	€93,406
Cumann na bhFiann	€225,286
Gaelscoileanna	€217,589
Comhluadar	€124,045
Gael-Linn	€356,222

D'fhill C. Nic Pháidín, E. Mac Cormaic agus Á. Andrews ag an phointe seo.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur fhreastail sé féin agus an Cathaoirleach ar chruinniú den Choiste Stiúrtha ar 13 Nollaig agus cuireadh in iúl go mbeadh na Ranna sásta maoiniú eatramhach go deireadh 2011 a cheadú do na heagrais bhunmhaoinithe ach dul chun cinn sásúil maidir leis an chuíchóiriú a bheith déanta.

Eagraíocht	Cód uimhir	Méid iarrtha	Méid molta
An Gaeláras	1001192	£192,667	£134,603

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £134,603 a cheadú don Ghaeláras don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2011.

Eagraíocht	Cód uimhir	Méid iarrtha	Méid molta
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	1001193	£108,763	£101,763

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £101,763 a cheadú do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2011.
Aontaíodh go n-ullmhófaí "Scéim na n-Ionad Gaeilge" dá leithéid seo de mhaoiniú.

Ghlac an Bord leis an mholadh diúltú don iarratas Bridging the Gap.
Ghlac an Bord leis an leasú buiséid ó Bhreacadh **(Aguisín 1)**.
D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Ghlac an Bord leis an leasú buiséid agus na hathruithe pleananna ó Chlár na Leabhar Gaeilge **(Aguisín 2)**.
Scéim na gCoimisiún - Athmheasúnú
Bhí plé ar an athmheasúnú agus aontaíodh go gcuirfí ar ais arís é agus go n-amharcfaí saineolaithe neamhspleácha eile air.
D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.

03.92 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA
Scaipeadh cóip de na miontuairiscí ón chruinniú den Choiste Stiúrtha den 13 Nollaig 2010 mar aon le cóip de na téarmaí tagartha maidir le bainistiú tionscadail. Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl go raibh na Ranna i ndiaidh glacadh leis na téarmaí tagartha. Cuireadh in iúl go raibh baill Boird le hainmniú ar an Choiste Comhairleach. Aontaíodh go mbeadh É. Kinch, L. Bhreatnach agus an Príomhfheidhmeannach air agus go mbeadh A. Nic Chárthaigh mar ionadaí ach í a bheith sásta feidhmiú mar ionadaí.
Ghlac an Bord leis an Phlean Gnó agus aontaíodh go gcuirfeadh an Príomhfheidhmeannach chuig na Ranna é.
Bhí plé ar an Phlean Corparáideach agus aontaíodh go ndéanfaí tagairtí do chúrsaí foclóireachta ann. D'iarr Á. Andrews go ndéanfaí á nótáil sna miontuairiscí nach raibh sí sásta tacú leis go fóill. Ghlac an Bord leis an Phlean Corparáideach.

04.92 TUAIRISC Ó CHOISTE AN FHOCLÓRA
Scaipeadh cóip de Phlean Tionscadail do Chéim 2C, céim na hegarthóireachta, ar an Bhord mar eolas.

05.92 TUAIRISC Ó CHOMHCHOISTE CHOLMCILLE
Thug an Bord suntas do Phlean Gnó Cholmcille 2011-2013. Cheadaigh an Bord suim nach mó ná £13,975 + CBL do Canan le haghaidh 'Why Gaelic'.

06.92 DRÉACHT-STRAITÉIS IDIRLÍN DON ÓIGE
Aontaíodh go gcuirfí an Dréacht-Straitéis Idirlín don Óige siar go dtí an chruinniú Boird i mí Eanáir.

07.92 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 SAMHAIN 2010 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2010
Ardaíodh ceist faoi scenarios agus cuireadh in iúl go mbeadh an t-ábhar seo le plé ag an chruinniú Boird i mí Eanáir. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2010. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí deireadh na bliana.

08.92 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

09.92 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ar an bhord inar chuir sé in iúl:

1. Cúrsaí foirne:
   Foclóir:
   Go raibh glactha ag T. Ó Maolalaidh le post mar eagarthóir agus babhta eile earcaíochta faoi lánseol leis an dá phost eile a líonadh ar bhonn lánaimseartha.
   Go raibh glactha ag na daoine a leanas le poist:
   Aistritheoir:
   A. Mac Aodha, M. Mhic Giolla Cumhaill, agus E. Mac Mathúna
   Oifigeach Cléireachais:
   J. Ní Ógáin, agus N. Ní Thuama
   Ceannáras
   C. Ní Mhuiris - Oifigeach Feidhmiúcháin
   C. Ó hArgáin - Oifigeach Cléireachais
   C. Howard - Fáilteoir
   Béal Feirste
   N. Ní Scolláin **-** Rúnaí
   Go raibh tairiscint déanta don phost mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Gaoth Dobhair

   Gur tharla na hagallaimh don phost mar Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais ach nár cháiligh aon duine don phost.

2. Go raibh cruinniú leis na Ranna ar 03 Nollaig 2010. Ag an chruinniú cuireadh in iúl:
   - Gur chóir bheith cúramach maidir le caiteachas go háirithe sa chéad ráithe mar go bhfuil éiginnteacht ann maidir le buiséad,
   - Gurb é buiséad 2010 faofa ag an CATT lúide 3% an buiséad táscach do 2011. Sin - €20,643,340, lúide 3%,

3. Go ndearna an NIO meancóg maidir leis an táille do leathnú TG 4 ó thuaidh agus go raibh litir nua uathú ag cur in iul gurb é £22,551.85 an táille i gceist

agus ní an £15,796 a ceadaíodh ag an chruinniú ar 24 Meán Fómhair 2010. Ghlac an Bord leis an chostas breise seo.

Aontaíodh go bpléifeadh an Príomhfheidhmeannach leis na Ranna maidir le duine a fháil ar iasacht le post an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh a líonadh.

10.92 COMHFHREAGRAS
D'fhág C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.
Bhí plé ar litir ó Fhiontar, DCU, agus cuireadh in iúl sa chás go mbeadh grúpa nua ag riar an bhunachair go mbeadh an bunábhar agus na córais lena riar le haistriú go Foras na Gaeilge. Cuireadh in iúl chomh maith gur le Fiontar an réiteach teicniúil ach go mbeadh cead ag Foras na Gaeilge leas a bhaint as chun www.focal.ie a riar.
D'fhill C. Nic Pháidín agus M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.

11.92 PLEAN GNÓ FHORAS NA GAEILGE 2010
Thug an Bord suntas don uasdátú ar an Phlean Gnó.

12.92 AON GHNÓ EILE
Ní raibh aon phlé faoin mhír seo.

13.92 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA
Bhí seisiún gan feidhmeannas ag an Bhord.
I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Murchú, P. Ó Gallchóir, É. Kinch, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, Á. Andrews, L. Bhreatnach, S. Breathnach, P. Ó Biadha agus D. Ó Béarra.

Socraíodh go nglacfadh M. Nic Giolla Mhichíl na miontuairiscí, molta ag L. Ó Maolmhichíl agus cuidithe ag L. Bhreatnach.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis í atá díolmhaithe faoi Chuid 1 Mír 2, agus Cuid 2 Mír 1 den Aguisín leis an gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

_____
Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
21 Eanáir 2011

Aguisín 1

Leasú le Ceadú

Uimhir Thagartha: 0801418
Ainm an Eagrais: Breacadh faoi chúram Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
Ainm an Tionscadail: Scéim & Cleachtaí Foghraíochta

Ar an 22ú Meán Fómhair 2008, faoi Scéim na nÁiseanna Teagaisc, cheadaigh an Príomhfheidhmeannach deontas nach mó ná €36,000 (€10,000 i 2008 agus €26,000 i 2009) don tionscadal thuasluaite.

Ceadaíodh leasú ar an deontas seo i mí na Nollag 2009.

Leasú is déanaí

I litir a fuarthas ar an 19 Samhain 2010, cuireadh in iúl go raibh an obair faoi lánseoil ach nach mbeadh sé críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

Tá os cionn 100 fuaim bhreise aimsithe (sna trí mhórchanúintí) agus tá an teangeolaí ag scagadh / ag seiceáil na bhfuaimeanna agus na liostaí faoi láthair ó thaobh fuaime agus rangaithe de. Cé go bhfuil an obair ag tógáil níos faide ná mar a bhí beartaithe ag an eagraíocht, is cinnte go bhfuil scoth oibre idir lámha acu agus go mbeidh saothar an-luachmhar agus praiticiúil ar fáil do theagascóirí na Gaeilge. Tá samplaí de na ceachtanna curtha ar fáil agus tá an obair ar ardchaighdeán.

Iarradh síneadh ama go Meitheamh 2011 leis an obair a chur i gcrích agus iarradh leasú ar an bhuiséad mar a leanas:

Bliain	**Deontas Ceadaithe Meán Fómhair 2008 - €**	**Leasú Ceadaithe Nollaig 2009 - €**	**Leasú Iarrtha Samhain 2010 - €**
2008	10,000	10,000	10,000
2009	26,000	15,000	15,000
2010		11,000	0
2011			11,000

Táthar muiníneach go mbeidh an scéim curtha i gcrích de réir an sceideal nua molta.

Moladh:

Moltar an leasú seo a cheadú le gur féidir an luach is fearr a fháil as an deontas ceadaithe.

Aguisín 2

Leasuithe buiséad – Clár na Leabhar Gaeilge

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2010 atá faoi láthair i mbuiséad 2011 le n-íoc anois i 2010 mar go bhfuil an saothar anois curtha i gcrích. An t-iomlán atá i gceist ná €5,400.

Scéim na gCoimisiún	Uimh thagartha	Ainm	€
2010	CLG10057	Simon Ó Faoláin	1,400
2010	CLG10038	Con Ó Ruairc	4,000
		Iomlán	5,400

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na gCoimisiún 2010 atá faoi láthair i mbuiséad 2010 le cur ar aghaidh chuig 2011 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2010. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €9,000.

Scéim na gCoimisiún	Uimh thagartha	Ainm	€
2010	CLG10050	S. Mac Annaidh	4,000
2010	CLG10081	M. Uí Dhufaigh	2,400
2010	CLG10067	D. Ó hÓgáin	1,600
2010	CLG10077	Coiscéim	1,000
		Iomlán	**9,000**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na nOidí 2010 a bhí i mbuiséad 2011 íoctha anois i 2010 mar go bhfuil dul chun cinn maith déanta faoin scéim. An t-iomlán atá i gceist ná €1,500.

Scéim na nOidí	Uimh thagartha	Ainm	€
2010	CLG10105	Gabriel Rosenstock	500
2010	CLG10101	Gabriel Rosenstock	500
2010	CLG10099	Dermot Somers	500
		Iomlán	**1,500**

Tá an tsuim seo a leanas do Scéim na nOidí 2010 a bhí i mbuiséad 2010 curtha ar aghaidh go buiséad 2011 mar nach bhfuil dóthain dul chun cinn déanta. An t-iomlán atá i gceist ná €500.

Scéim na nOidí	Uimh thagartha	Ainm	€
2010	CLG10109	Tadhg Mac Dhonnagáin	500
		Iomlán	**500**

Nótaí eolais – Athruithe pleananna

Futa Fata
(Iomlán deontas ceadaithe: €64,273)
Obair ealaíne le déanamh ar dhá bhunleabhar de chuid Futa Fata. Fuílleach den mhaoiniú curtha i dtreo costais bhreise mhargaíochta.

Leabhar Breac
(Iomlán deontas ceadaithe: €62,000)
Dhá leabhar bainte ón bplean agus leabhar amháin curtha leis. Fuílleach den mhaoiniú táirgeachta curtha i dtreo costais bhreise mhargaíochta.